

Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile

Scoileanna lán-Ghaeilge

Gaeilge Teanga 1 agus Béarla Teanga 2

Céim 1: Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra

Céim 2 : Rang 1 agus Rang 2

Dréacht-Churaclam agus Ceisteanna

I gcomhair comhairliúcháin : 9 Aibreán go 30 Bealtaine

Nóta maidir leis na cnuasaigh ceisteanna sa doiciméad seo

Tá ceisteanna ón suirbhé ar líne san áireamh sa doiciméad seo. Tá siad siúd ar leataobh i mboscaí, scartha ó théacs an churaclaim féin agus leanann siad na focail : ‘Comhairliúchán: Roinn do chuid tuairimí linn’. Gliogáil ar an gcnaipe glas ar leathanach an chomhairliúcháin le freagairt do na ceisteanna seo ar ‘an suirbhé ar líne’.



An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

English | **Gaeilge**

CNCM | **CURACLAM** | ACTION

Luath-Óige | Bunscoil | Sraith Shóisearach | Sraith Shinsearach | Tuismitheoirí

Cuardach CNCM

Follow Like

Tá tú anseo: [Baile](#) > [Curaclaim agus Measúnacht](#) > [Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile](#) > [Curaclam na Bunscoile](#) > [Forbairtí Teanga](#) > [Teangana Bunscoile Comhairliúcháin](#)

Maidir leis an CNCM

Curaclaim agus Measúnacht

Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile

Oideachas Luath-Óige

Oideachas Iar-Bhunscoile

Tuismitheoirí

Cuimsiú

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

An Mheasúnacht

Foilseacháin

Comhairliúcháin

Nuacht / Preas

Comhdháil

 **Sintús don Nuachtlitr**

Teanga na Bunscoile Comhairliúcháin Curaclam

Tweet 0 Like 0

Roinn do chuid tuairimí linn/ na cnaipí seo

9 Aibreán go 30 Bealtaine

Fáilte romhat go dtí an comhairliúchán seo ar *Dhréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile* do gach páiste ó na **Naíonáin Bheaga go dtí Rang 2** i **Scoileanna meán Béarla agus i Scoileanna lán-Ghaeilge**. Freagraíonn sé don aiseolas a thug múinteoirí ar bhealaí chun curaclam '99 a fheabhsú don Bhéarla agus don Ghaeilge agus léiríonn sé taighde agus forbairtí nua i bhfoghlaim teanga páistí.

Cliceáil ar an gcnaipe buí chun cóip de *Dhréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile* a shábháil/oscailt agus bain úsáid as an gcnaipe glas chun a rá linn cad a shléann tú de sa suirbhé ar líne. Is féidir gur mhaith leat do thuairimí a chur chugainn ar ríomhphost ag teanganabunscoile@ncca.ie nó primarylanguage@ncca.ie agus 'Aighneacht Scríofa' sa líne ábhair.

Cabhróidh do chuid aiseolais linn an dréacht seo a fheabhsú agus treoróidh sé ár gcuid obair leanúnach le scoileanna. Go raibh maith agat as páirt a ghlacadh san obair!



Íoslódáil an comhairliúcháin

Do thuairimí

 **primary developments**
forle sa bhunscoile

2

Clár na nÁbhar

Réamhrá do Churaclam Teangacha na Bunscoile	5
1. Réasúnaíocht	6
2. Aidhmeanna	11
3. Foramharc	16
4. Curaclam Teangacha na Bunscoile a Úsáid	26
5. Torthaí Foghlama do na scoileanna lán-Ghaeilge	41
6. Míniúchán ar Choincheapa, ar Mheonta agus ar Scileanna	54

Comhairliúchán: Abair leat



Go raibh maith agat as ucht am a chaitheamh ag cur do chuid tuairimí maidir le Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile don Bhéarla agus don Ghaeilge in iúl. Cabhróidh do chuid moltaí linn an dréacht seo a fheabhsú agus beidh tionchar aige ar an obair leis na scoileanna san Fhómhar. Ar dtús inis dúinn fút féin, le do thoil. Níor cheart go dtógfadh an suirbhé seo ar-líne níos mó ná 20 nóiméad le críochnú.

1. **Cómhthéacs Teanga na scoile: Seo é an comhthéacs teanga:**
Scoil Bhéarla, Scoil lán-Ghaeilge ; Scoil Ghaeltachta
2. **An cineál scoile: Seo an cineál scoile ina bhfuilim:**
Bunscoil Shóisearach, Bunscoil Shínsearach; Bunscoil phríomhshrutha; Scoil Speisialta; Scoil a bhfuil stádas DEIS aici, Scoil aonghnéis buachaillí; Scoil aonghnéis cailíní; Scoil mheasctha (buachaillí agus cailíní).
3. **Méid na scoile.** Seo an líon páistí / daltaí atá i mo scoil:
Faoi bhun 100; 101-200; 201-300; 301-400; Níos mó ná 500
4. **Post sa scoil: Is mise an::**
Príomhoide nó Leas-Phríomhoide; Múinteoir ranga; Múinteoir Achmhainne nó Tacaíochta Foghlama; Cúntóir Riachtanas Speisialta
5. **An méid seo blianta atá caite agam ag múineadh scoile:**
Faoi bhun 5; 6-10; 11-15; 16-20; 21 bliain nó níos mó.
6. Focal nó frása amháin a dhéanann cur síos ar **mo mhian / mo dhóchas maidir le forbairt agus foghlaim teanga na bpáistí bunscoile** faoi láthair agus amach anseo:
7. Focal nó frása amháin a dhéanann cur síos ar **mo mhian / mo dhóchas maidir le mo chuid múinteoireachta teanga** faoi láthair agus amach anseo:

Réamhrá do Churaclam Teangacha na Bunscoile

I gCuraclam Teangacha na Bunscoile tá curaclam chéad agus dara teanga (T 1 agus T2). Is é comhthéacs teagaisc agus foghlama na scoile a chinneann cé acu an Gaeilge nó an Béarla atá mar L1. Taobh amuigh de scileanna áirithe a bhaineann le sealbhú na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta, is ionann torthaí L1 sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Leanann lucht L2—Gaeilge nó Béarla—an contanam céanna foghlama le lucht L1 ach bíonn difríochtaí i leibhéal na dtorthaí foghlama a bhaintear amach de bharr éagsúlachtaí sa mhéid taithí atá ag na páistí ar an teanga agus an teagmháil atá acu léi. Sa churaclam teanga seo do Chéimeanna 1 agus 2 (naíonáin bheaga go rang a dó) ciallaíonn an chomhshonraíocht curaclaim do lucht L1 agus do lucht L2 go ndéantar comhtháthú laistigh de theanga ar leith, idir theangacha agus ar fud an churaclaim a aithint go sonrach, agus nach ndéantar foghlaim teangacha a scaradh amach ó ábhair eile an churaclaim.

I measc comhpháirteanna na sonraíochta tá:

- Réasúnaíocht
- Aidhmeanna
- Foramharc
- An fhoghlaim agus an fhorbairt teanga a bhfuiltear ag súil léi ó na páistí



An Curaclam Teangacha ar líne

Nasc chuig Teanga Leathanach baile

1. Réasúnaíocht

Cuidíonn foghlaim teanga le páistí an domhan mór thart timpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann ón gcumarsáid neamhbhriathartha agus briathartha go dtí téacsanna clóite agus téacsanna digiteacha. Trí chaidreamh a dhéanamh go sóisialta le daoine fásta téann páistí i dtaithí ar agus i ngleic leis an gcumarsáid agus tosaíonn siad tríothú seo ar chumarsáid daoine eile a thuiscint, brí a bhaint aisti agus í a mheas go criticiúil. Ligeann teanga do na páistí bheith rannpháirteach go cognaíoch, go mothúchánach, go samhlaíoch agus go sóisialta i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Tugann sí an chumhacht do pháistí a gcuid smaointeoireachta, friotail, machnaimh, critice agus ionbhá a fhorbairt, rud a chabhraíonn chun a bhféin-éifeachtúlacht, agus a bhféiniúlacht a fhorbairt agus rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Is í an teanga a mhúnlaíonn muid

Tá teanga lárnach ó thaobh an chaoi a bhfoghlaimimid agus an méid a fhoghlaimimid. Is í an teanga an príomh-mheán trína ndéantar a bhfuil díreach foghlamtha a shealbhú agus a thógáil ar bord. Tá ról lárnach ag an teanga i leathnú mháistreacht an pháiste ar choincheapa agus ar fhorbairt a chuid eolais agus a chuid scileanna. Is í an teanga an príomh-mheán cumarsáide inphearsanta agus idirphearsanta atá againn agus tá sí mar eochair d'fhorbairt an pháiste mar dhuine. Tá a teanga nó a teangacha féin ag gach réimse den churaclam; dá bhrí sin is ceacht teanga ann féin gach ceacht. Chun teacht ar eolas taobh istigh den churaclam caithfidh na páistí teanga atá ag éirí níos casta ag gach rang ar leibhéal bunscoile a thuiscint agus a úsáid. Dá bhrí sin tá coincheapa, meon agus scileanna éifeachtacha teanga ríthábhachtach don mhaireachtáil agus don foghlaim araon.

Próiseas forbraíochta is ea foghlaim teanga

Próiseas forbraíochta is ea foghlaim teanga, próiseas a rachaidh gach leanbh i ngleic leis ag a luas féin. Ó bhreith, téann páistí chun cinn ag rátaí difriúla ar chontanam foghlama agus forbartha. Bíonn baint ag réimse cumais an pháiste féin agus ag a thimpeallacht foghlama leis an éagsúlacht a fheictear ó thaobh dul chun cinn na bpáistí maidir le foghlaim teanga. Is trí chumarsáid a dhéanamh agus trí bheith ag tabhairt

eolais, ag fáil eolais agus ag baint brí as eolas a fhorbraíonn teanga na bpáistí. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh múinteoirí aitheantas do chumas agus do riachtanais nádúrtha, dúchasach na bpáistí chomh maith lena luath-thaithí ar theanga agus iad ag socrú bonn tosaigh le haghaidh tuilleadh forbairt teanga.

Próiseas comhtháite is ea foghlaim teanga

Ligeann foghlaim teangacha, bíodh sé sin i suíomh luathfhoghlama an bhaile, ar scoil, nó sa phobal, ligeann sé do pháistí taithí níos leithne a fháil ar theanga agus a dtuiscint ar chultúr, ar oidhreacht agus ar a gceangal féin leo a dhoimhniú. Ó nádúr tá gaol ag teangacha le chéile. Cuideoidh forbairt scileanna i dteanga amháin le páistí scileanna comhionanna a fhorbairt i dteanga eile a fhad is go mbíonn a ndóthain teagmhála acu leis an teanga agus go dtugtar neart spreagtha agus deiseanna dóibh le dul i ngleic léi. Má dhírítear isteach go follasach ar chomhtháthú idir theangacha cabhróidh sé leis an bpáiste ceangail thrasteangacha a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn teanga, rud a chuirfidh le héifeacht a chuid foghlama. Laistigh den churaclam teanga seo is éard atá i gceist le comhtháthú ná:

- idirghníomhaíocht idir na trí snáitheanna, teanga labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireacht,
- ceangal teanga trasna an churaclaim,
- aistriú scileanna a fhoghlaimítear ó theanga go teanga.

Cé go bhfuil sainscileanna éigeantacha teanga ann do gach snáithe, nuair a theitear i ngleic leis na snáitheanna le chéile cuidíonn sé le forbairt a dhéanamh ar chumas cumarsáide an pháiste. Sa chomhthéacs seo tá sé tábhachtach a aithint gur tír éagsúil í Éire ó thaobh na teangeolaíochta agus an chultúir de. Tá dhá theanga oifigiúla aici: an Béarla agus an Ghaeilge. I bhformhór na scoileanna agus na seomraí ranga, mar sin féin, tá páistí nach í an Béarla ná an Ghaeilge a dteanga bhaile.

Na comhthéacsanna ina bhfoghlaimíonn páistí teanga

Tá ról lárnach ag baile agus ag pobail an pháiste san fhoghlaim teanga mar go bhfoghlaimíonn páistí teanga tríd an gcumarsáid lánbhrí a bhíonn acu lena dtuismitheoirí, le gaolta agus le cairde.

Aithníonn an curaclam teanga go bhfuil an chumarsáid idir an duine fásta agus an páiste agus idir an páiste agus páistí eile ar cheann de na príomh-chomhthéacsanna le haghaidh múineadh agus foghlaim teanga.

Déantar teanga a chomh-chumadh idir an duine fásta agus an páiste trí chomhaird, spéis san ábhar céanna agus taitneamh. Déanann an caidreamh lánbhrí agus an comhrá idir an duine fásta agus an páiste nó idir é féin agus páistí eile forbairt ar fhoghlaim teanga an pháiste. Is é ról an mhúinteora tacú le caint an pháiste le linn dó bheith i mbun taiscéalta, fionnachtana agus réiteach fadhbanna.

Téann an timpeallacht foghlama i gcion ar an chaoi ina bhfoghlaimíonn paistí agus bíonn tionchar aici ar an méid a fhoghlaimíonn siad. Spreagann timpeallacht thaitneamhach mhealltach páistí agus cuidíonn sí leo bheith ag taiscéaladh, ag fionnadh, ag réiteach fadhbanna, á gcur féin in iúl agus ag idirghníomhú le daoine eile. **Cuidíonn timpeallacht foghlama atá oiriúnach agus spreagúil le foghlaim agus le forbairt teanga na bpáistí.** Nuair a bhíonn páistí ag imirt, nó nuair a bhíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí spraiúla, is fíor-chumarsáid a bhíonn ar bun acu. Roinneann páistí eolas agus fios tríd an súgradh. Is féidir leo a bheith ag imirt leis an teanga chomh maith agus iad ag roinnt rímeanna, ag insint scéilíní grinn, ag cumadh nathanna seafóideacha agus teacht ar an tuiscint go luath gur córas é teanga ar féidir é a lámhseáil nó imirt leis. Cabhraíonn timpeallacht spraiúil foghlama le páistí ciall a bhaint as an domhan agus a dtimpeallacht a thaiscéaladh.

Foghlaimítear teanga i gcomhthéacsanna éagsúla scoile: scoileanna Béarla, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Sna scoileanna lán-Ghaeilge is í an Ghaeilge teanga oibre na scoile agus úsáideann na páistí an Ghaeilge chun cumarsáid a dhéanamh agus chun dul i ngleic le réimse leathan ábhar an churaclaim. I scoileanna Gaeltachta is trí Ghaeilge atá fáil ag na páistí ar an gcuraclam. Nuair is cainteoirí dúchais Gaeilge iad na páistí bíonn an scoil Ghaeltachta ag cothú agus ag forbairt teanga an phobail agus dá bharr sin feidhmíonn sí mar shuíomh cothabhála teanga. Nuair nach cainteoirí dúchais iad na páistí tá an scoil Ghaeltachta ag cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail faoi mar a leagtar orthu san Acht Oiceachais 1999. Glactar leis nuair a fhreastalaíonn páistí nach bhfuil Gaeilge acu

ón mbaile ar scoil lán-Ghaeilge nó ar scoil Ghaeltachta gur i suíomh tumoideachais atá siadsan ag feidhmiú áit ina dtumtar na páistí le linn am scoile i dteanga nach í an teanga bhaile í. Bíonn páistí ar teanga bhreise dóibh an Béarla á tumadh i dteanga na scoile. Bíonn ríthábhacht sa chás seo le caidreamh EAL idir an bhunscoil agus an baile chun an fhoghlaím teanga a phleanáil agus tacú léi, ionas go bhfoghlaimeoidh na páistí chéad teanga na scoile agus go gcoinneoidh siad a dteanga baile freisin. I ndiaidh tréimhse de thumadh sa sprioctheanga, aistríonn páistí na scileanna atá foghlamtha acu sa sprioctheanga anonn chuig a dteangacha eile.

Tugtar aitheantas sa Churaclam Teanga don chomhthéacs foghlama teanga mar a bhaineann sé le gach cineál scoile. Mar thacaíocht do chleachtas an tumoideachais sna scoileanna atá ag teagasc trí mheán na Gaeilge ní thosóidh múineadh an Bhéarla go dtí go mbeidh na páistí ag deireadh an chéad téarma i rang na Naíonán Sinsearach. Agus ar an gcaoi chéanna i gcomhthéacs an tumoideachais, ní mhúintear an Béarla go teagmhasach i rith an lae ach bíonn sé teoranta don cheacht Béarla féin.

I scoil atá ag teagasc trí Bhéarla, is é an Béarla an teanga oibre agus déantar an Ghaeilge a theagasc mar dhara teanga na scoile. Chun go n-éireoidh leis na páistí an Ghaeilge a fhoghlaím is gá deiseanna a thabhairt dóibh an dara teanga seo a úsáid taobh amuigh den rang Gaeilge féin. Déanann múinteoirí é seo tríd an nGaeilge a comhtháthú i rith an lae i gcomhrá neamhfhoirmiúil i réimsí eile den churaclam, mar shampla, trí logainmneacha Gaeilge a úsáid sa Tíreolaíocht. Baintear úsáid as an nGaeilge freisin mar theanga oibre in ábhair eile den churaclam. Nuair a ghlactar le prionsabal CLIC is bealach éifeachtach é chun teagmháil an pháiste leis an nGaeilge a mhéadú agus comhthéacsanna a chruthú ina mbeidh fóirúsaid á baint as an nGaeilge.



An Curacalam Teangacha ar Líne

Nasc go dtí páipéir taighde don Churaclam Teangacha ar ncca.ie/COL



Comhairliúchán: Abair leat

Réasúnaíocht

8. Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an **Réasúnaíocht** don churaclam nua comhtháite **Curaclam Teangacha na Bunscoile**?
9. An bhfuil smaointe eile ba mhaith leat a fheiceáil curtha san áireamh sa **Réasúnaíocht**? Luaigh suas le trí cinn acu in ord tábhachta, ag tosú leis an gceann is tábhachtaí.

2. Aidhmeanna

Cuireann Curaclam Teangacha na Bunscoile an fhorbairt teanga chun cinn i measc pobail labhartha, léitheoirí, scríbhneoirí agus smaointeoirí chun gur féidir le páistí dul chun cinn a dhéanamh ar a luas féin i dtimpeallacht ranga atá struchtúrach, tacúil, gníomhach agus cuimsitheach.

Seo iad aidhmeanna an churaclaim teangacha:

- meon dearfach i leith cumarsáid agus teanga a chur chun cinn agus deis a thabhairt do na páistí a bheith páirteach in agus ag baint taitnimh as réimse leathan de thaithí teanga atá oiriúnach agus tairbheach
- spéis fadsaoil i dteangacha agus i bhfoghlaim teangacha a chothú sna páistí, le go mbainfidh siad taitneamh as teangacha a fhoghlaim ar son pléisiúir agus ar son a saol féin a shaibhriú
- an tuiscint atá ag na páistí ar an domhan mór a leathnú trí thaithí mhaith teanga a chur ós a gcomhair i dtimpeallacht atá saibhir ó thaobh na foghlama de
- meas a léiriú ar shainiúlacht na bpáistí trí mheas a chothú iontu ar a dteanga bhaile, ar an tuiscint atá acu ar an líon mór teangacha atá sa domhan agus ar an gcumas atá iontu teangacha difriúla a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla.
- na páistí a spreagadh chun triail a bhaint as réimse leathan téacsanna labhartha, scríofa agus ilmhodúlacha agus meon criticiúil a chothú ina leith
- na páistí a spreagadh le glacadh leis an nGaeilge, agus ár bhféiniúlacht chultúrtha a chur in iúl tríd an nGaeilge a labhairt.
- na páistí a spreagadh agus cur ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i gcéad teanga na scoile ar mhaithe le cuspóirí éagsúla agus i dTeanga 2 na scoile laistigh den cheacht scoite Béarla.
- cabhrú leis na páistí leas a bhaint as a dtaithí ar agus a n-eolas faoi theangacha agus faoi fhoghlaim teanga chun gur féidir leo teangacha nua a fhoghlaim ar shlí níos tapúla agus níos inniúla.

- tacú le páistí chun a scileanna litearthachta a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar a luas féin sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.
- feasacht teanga a chothú sna páistí ionas go mbeidh tuiscint agus meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha mar aon le tuiscint bhunúsach ar stair teangacha.
- a thuiscint go mbíonn éagsúlacht taithe agus cumais ag páistí ag teacht ar scoil dóibh agus tacú leo dul i ngleic le cumarsáid atá lánbhrí agus ábhartha.

Prionsabail Foghlama Teanga Páistí

Tá na haidhmeanna thuas mar bhonn taca do Churaclam Teanga na Bunscoile agus tá na prionsabail seo a leanas a bhaineann le foghlaim agus le forbairt teanga na bpáistí bunaithe orthu. Déantar cur síos breise ar na prionsabail seo, go háirithe iad siúd a bhaineann le foghlaim teanga na bpáistí, i dTuairisc Thaighde Ó Duibhir agus Cummins (2012, lch.37-58), taighde a rinneadh ar son CNCM.

- Foghlamaíonn páistí bunfhoclóir agus frásaí nuair a fhaigheann siad deis **aithris** a dhéanamh trí scéalta, amhráin, súgradh agus gnáthimeachtaí an lae.
- Bíonn páistí gafa ag deiseanna dul i mbun **fíorchumarsáid**, tráth a mbaineann siad úsáid as leideanna comhthéacsúla agus eolas atá acu cheana agus fíorchuspóir bheith ag baint leis an ngníomh.
- Is féidir le páistí sealbhú botúin a sheachaint má dhéantar **múinteoireacht fhollasach**, lena n-áirítear gnéithe áirithe den ghramadach.
- Díríonn na páistí aird ar dtús ar an mbrí, rud a thugann **scileanna intuigthe teanga** dóibh ach níos déanaí sa phróiseas cuidíonn an aird a dhíríonn siad ar fhoirm na teanga leis an bhforbairt seo.
- Múintear páistí tríd an sprioctheanga, mar shampla is trí Ghaeilge a mhúintear an Ghaeilge i scoileanna Béarla.
- Tá an t-eolas atá ag na páistí cheana féin, an staid forbartha ag a bhfuil siad agus a n-ábhair spéise tábhachtach mar thúsphointe agus pleanáil dá bhfoghlaim teanga ar siúl.

- Déanfaidh na páistí níos mó dul chun cinn ó thaobh foghlama T2 de má **mhéadaítear an méid am teagmhála** a bhíonn acu leis an dara teanga. I gcás na scoileanna Béarla baintear úsáid neamhfhoirmiúil as an nGaeilge i rith an lae, rud a mhéadaíonn an teagmháil leis an teanga.
- Déanfaidh na páistí níos mó dul chun cinn ó thaobh foghlaim teanga de má thugtar deis dóibh an teanga a tháirgeadh ó bhéal agus í a scríobh i gcomhthéacsanna bríocha i rith an lae scoile.
- Éiríonn páistí níos féinriartha agus níos spreagtha mar fhoghlaimeoirí teanga má fhaigheann siad deis páirt a ghlacadh in idirghníomhaíochtaí taitneamhacha le daoine eile.
- Braitheann na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim teanga na bpáistí ar an méid aitheantais a tugtar do na difríochtaí aonair atá eatarthu agus mar a théitear i ngleic leis na difríochtaí sin.
- Déantar measúnú ar dhul chun cinn teanga na bpáistí trí éisteacht leis an teanga a tháirgeann siad go neamhspleách chomh maith le measúnú faoi stiúir an mhúinteora.

Tá tuilleadh eolais ar an tionchar atá ag na hAidhmeanna agus na Prionsabail ar fhoghlaim an pháiste, go háirithe i suíomh na scoile, le fáil i Roinn 4 'Ag úsáid Churaclam Teangacha na bunscoile'

Foghlaim dara teanga

Sa chomhthéacs oideachais foghlaimíonn formhór na bpáistí an dara teanga ar an mbealach a mbeifí ag súil leis. Ní aon éisceacht í an Ghaeilge agus foghlaimíonn páistí in Éirinn í mar dhara teanga sa bhunscoil ar bhealach a d'fhéadfaí a thuar ach ar bhealach atá pearsanta do gach duine acu ag an am céanna. Leanfaidh páistí atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise an cosán céanna ach sa chás seo beidh níos mó deiseanna acu teagmháil a dhéanamh leis an teanga taobh amuigh den scoil. Glactar leis gur próiseas cognaíoch agus sóisialta é foghlaim an dara teanga, is é sin le rá go bhfoghlaimíonn páistí teanga trí chóras na teanga a oibriú amach dóibh féin agus iad i mbun cumarsáide le lucht labhartha na teanga sin.

Is é an túsphointe a thabhairt faoi deara go bhfuil cumarsáid i gceist agus tógann sé tamall ar pháistí a thuiscint gur féidir brí a chur in iúl trí theanga eile seachas a dteanga

dhúchais féin. Ciallaíonn sé sin gur gá don mhúinteoir geáitsí agus leideanna a chur leis an teanga ó bhéal agus fíorábhar agus taithí a úsáid chun féidir an bhrí a oibriú amach ón gcomhthéacs. Mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir sméideadh ar pháiste chun iarraidh air teacht i láthair nó mála scoile a thaispeáint chun labhairt faoin 'mála scoile'. Sna stáideanna tosaigh beidh na páistí i 'dtréimhse chiúin' chomh fada agus a bhaineann sé le húsáid an dara teanga agus níor cheart an iomarca brú a chur orthu labhairt róluath. D'fhéadfadh na páistí a dtuiscint a chur in iúl trí iarratas a chomhlíonadh nó treoir a leanúnt. In imeacht ama, is féidir leis an múinteoir níos lú béime a leagan ar an ngeáitse srl. agus níos mó béime a chur ar an gcaint amháin. D'fhéadfadh na páistí freagra cuí a thabhairt i mBéarla ar an méid a dúirt an múinteoir:

Múinteoir (ag canadh) : Suas liom, suas liom

Páiste: Oh good. I like this one.

Múinteoir: An maith leatsa é seo?

Páiste: I love this song.

Múinteoir: Maith thú.

Tá an múinteoir ag tabhairt le fios anseo go bhfuil sí ag éisteacht leis an bpáiste ach leanann sí uirthi i nGaeilge, ag tabhairt aitheantais don spéis a léirigh an páiste, agus á mholadh nó á moladh. Tugann sé seo misneach don pháiste agus spreagtar é nó í chun leanúint ag baint taitnimh as an amhrán i nGaeilge.

Nuair a bhíonn tuiscint ag an múinteoir ar phróiseas foghlaim teanga bíonn sé nó sí in ann slacht a chur ar an ionchur agus é a chur in oiriúint do leibhéal teanga na bpáistí. Dá bharr seo bíonn seans maith ann go mbeidh toradh fiúntach ar fhoghlaim teanga an pháiste agus go mbeidh treoir ar fáil don múinteoir maidir leis an leibhéal ar chóir dó nó di díriú air. Is féidir leis an múinteoir an t-ionchur a chur in oiriúint do chumas na bpáistí, ag tabhairt airde ar a n-ábhair spéise agus ag cinntiú go dtugtar neart ama don athchleachtadh a theastaíonn le haghaidh foghlaim na dara teanga. Thar thréimhse ama d'fhéadfadh go n-athródh an creat tacaíochta teagaisc ach is mór an chabhair d'fhoghlaim na dara teanga sna blianta tosaigh sa bhunscoil an bunphrionsabal a bhaineann le haird a dhíriú ar ábhar spéise na bpáistí agus ar bhrí na teanga le tacaíocht bhreise, chomh maith le múnú na bhfoirmeacha cearta foclóra agus gramadaí i gcomhthéacsanna intuartha.



Comhairliúchán: Abair leat

Aidhmeanna

- 10.** Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis na hAidhmeanna don Churaclam nua comhtháite Teangacha?
- 11.** An bhfuil aon smaoineamh eile ba mhaith leat a fheiceáil sna hAidhmeanna? Scríobh trí cinn acu in ord tábhachta, an chéad cheann ar dtús.

3. Foramharc

Cuirtear i láthair i gCuraclam Teangacha na Bunscoile na comhthéacsanna difriúla i mbunscoileanna na hÉireann ina mbíonn páistí ag foghlaim teanga: scoileanna Béarla, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Tá difríochtaí suntasacha idir an taithí atá ag páistí éagsúla sa bhunscoil ar fhoghlaim teangacha. Is ag dul i méid atá líon na bpáistí i mbunscoileanna na hÉireann a labhraíonn teanga seachas Gaeilge nó Béarla ag baile, rud a chiallaíonn go bhfuil teangacha á bhfoghlaim anois i gcomhthéacs ilteangach. Ag teacht ar scoil dó bíonn leibhéal inniúlachta i dteanga amháin, nó i níos mó ná teanga amháin, ag gach páiste, ach ní gá i gcónaí gurb í an teanga seo teanga na scoile. Tacaíonn an curaclam teangacha le hiarrachtaí múinteoirí meas a léiriú ar thaithí teanga gach páiste. Aithnítear ann gur scileanna ginearálta, seachas scileanna a bhaineann le foghlaim teanga amháin, a shealbhaíonn an páiste nuair a fhorbraíonn sé nó sí scileanna teanga: is inniúlacht bhunúsach atá á sealbhú acu, inniúlacht a chuirfidh ar a gcumas scileanna agus straitéisí foghlama a aistriú go teangacha eile. Ciallaíonn sé sin go bhfuil difear idir na codanna follasacha (m.sh. fuaimniú, comhfhreagrachtaí idir graiféimí agus fóinéimí) de na teangacha éagsúla, ach go bhfuil bonn bunúsach eolais iontu a aistríonn ó theanga go teanga, eolas gur féidir leas a bhaint as chun teanga ar bith a fhoghlaim.

Forbraíodh Curaclam Teangacha na Bunscoile i bhfianaise *Aistear*, *Creat Curaclam na Luath-Óige* (CNCM 2009). Baineann prionsabail *Aistear* leis na páistí ar fad i ranganna sóisearacha na bunscoile agus tá siad léirithe i gCuraclam Teangacha na Bunscoile sna ranna Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Foramharc. Mar a rinneadh in *Aistear*, aithnítear sa Churaclam Teangacha an tábhacht a bhaineann le meon dearfach agus le meas a léiriú ar indibhidiúlacht an pháiste, aithnítear an ról lárnach atá ag an bhfoghlaim i bpáirt, tábhacht an tsúgartha mar mhodh oideolaíochta agus glactar leis go bhfuil an fhoghlaim comhtháite ó nádúr. Tá aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear*, go háirithe iad siúd taobh istigh den téama 'I mBun Cumarsáide', léirithe i dtorthaí foghlama atá leagtha síos do na ranganna sóisearacha sa bhunscoil. Sna ranna *Pleanáil*, *Teagasc agus Measúnú* sa tsonraíocht churaclaim ar líne mínítear go soiléir an timpeallacht foghlama, an taithí agus na modhanna múinte atá oiriúnach le haghaidh forbairt teanga na bpáistí agus a dtugtar eolas fúthu in *Aistear*.

Na Céimeanna

Tá an curaclam teangacha leagtha amach i gCéimeanna agus is léiriú í gach céim ar an bhfoghlaim teanga a bhfuiltear ag súil léi ó na páistí thar thréimhse dhá bhliain. Glactar leis sa churaclam gur fearr cur síos ar fhoghlaim teanga mar chontanaim agus gur féidir le foghlaim agus forbairt na bpáistí i gCéim amháin dul thar fhoghlaim agus fhorbairt na bpáistí i gCéim atá ag teacht roimpi nó ina diaidh. Na torthaí atá luaite i gCéim 1 bheifí ag súil go mbeidís bainte amach ag formhór na bpáistí ag deireadh a dtréimhse dhá bhliain i ranganna na Naíonán Sóisir agus na Naíonán Sinsir, ag cur san áireamh cumas an pháiste aonair agus éagsúlacht ó thaobh cúinsí eile de, mar shampla, nuair is teanga seachas Gaeilge nó Béarla atá ag an bpáiste ó dhúchas. Ar an tslí chéanna, tagraíonn torthaí Chéim 2 don tréimhse dhá bhliain i ranganna a haon agus a dó.

Sa stoc do thorthaí foghlama Chéim 1 baintear úsáid as an mbrollach a théann le spriocanna foghlama *Aistear 'i bpáirt leis an múinteoir déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas'*, chun aitheantas a thabhairt don luas difreáilte foghlama atá ag páistí. Oibríonn na Céimeanna go dinimiciúil. Ní féidir cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim páistí i bhfoirm líneach, agus mar sin d'fhéadfaidh siad a bheith ag céimeanna difriúla i ngach ceann de na trí shnáithe. Mar shampla, d'fhéadfadh páistí áirithe a bheith ag obair ar Chéim 2 sa teanga ó bhéal agus ar Chéim 1 sa scríbhneoireacht nó sa léitheoireacht nó sa dá cheann acu fiú, ar feadh tréimhse.

Na Snáitheanna

Sa churaclam teangacha dírithe ar fhorbairt na teanga trí **thrí shnáithe: An Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht**. Tá an teanga ó bhéal ina dlúthchuid de gach gné den churaclam. Cuid lárnach is ea í, mar sin, de thaithí foghlama teanga na bpáistí. Tugann an sainmhíniú atá ar an bhfocal téacs sa churaclam léiriú ar an gceangal idir an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht.

Sainmhíniú ar théacs

Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga:—teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódúlach. Is éard is téacs ilmhódúlach ann téacs ina bhfuil teanga in éineacht le córais chumarsáide eile, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaim agus an teanga labhartha.

Trí úsáid a bhaint as an sainmhíniú ar an bhfocal *téacs* féachtar le cuimsiú a dhéanamh ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht atá riachtanach chun na páistí a spreagadh, agus a meas ar theanga a chothú. Ní mór tuiscint cheart a bheith ag an léitheoir ar an mbrí atá leis an bhfocal *téacs* chun ciall a bhaint as na torthaí foghlama i ngach gné agus i ngach snáithe.


Gnéithe agus coincheapa teanga, scileanna agus meon

Seo iad na gnéithe d'fhoghlaím teanga atá i ngach ceann de na snáitheanna:

- 1. Caidreamh cumarsáideach a chothú trí theanga**
- 2. Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint**
- 3. Eolas a chur ar theanga agus í a úsáid**

Úsáidtear an téarma *gné* chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaím teanga atá riachtanach taobh istigh de gach snáithe. Tá sraith **torthaí foghlama** ar leith i gach **Gné agus iad bunaithe ar raon áirithe de choincheapa, meonta agus scileanna teanga**. D'fhéadfaí mar sin na Gnéithe a chur i gcomparáid leis na snáithaonaid i gcuraclam 1999 ós rud é go n-eascraíonn na torthaí foghlama astu, díreach mar a rinne na snáithaonaid do na cuspóirí ábhair. Tá na Gnéithe ag brath ar a chéile, mar a fheictear i bhFíor 1 thíos.

Fíor 1. Gnéithe na teanga



Comhairliúchán Curaclam

Tá ceangal ar nós líonra, ní amháin idir na gnéithe ach sna snáitheanna chomh maith. Cé go dtacaíonn na snáitheanna ar fad le chéile is gá aird ar leith a dhíriú ar an teanga ó bhéal sna blianta tosaigh mar go bhfuil sé seo mar bhunús le haghaidh fhorbairt na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta chomh maith leis an bhfoghlaim i réimsí eile an churaclaim. Is réamhtheachtaithe iad cuid de na coincheapa, na meonta agus na scileanna atáthar a fhorbairt sa teanga ó bhéal le haghaidh scileanna agus coincheapa bainteach leo a fhorbraítear sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht. Is trí thuiscint ar an gceangal idir na gnéithe féin agus thar na snáitheanna a fheictear na buntáistí a bhaineann leis an gcuraclam comhtháite teanga. Cuirtear béim ar an mbuntáiste seo trí úsáid a bhaint as an bhfocal téacs sna gnéithe agus sna snáitheanna.

Dar le *Aistear the Early Childhood Curriculum Framework* ciallaíonn meonta (nó méin) nósanna intinne agus gníomhartha atá seasmhach ‘a disposition is the tendency to respond to situations in characteristic ways (NCCA, 2009a, lch.54). Molann sé go háirithe meonta ar nós neamhspleáchas fiosracht, fonn spraoi, buanseasmhacht, muinín, teacht aniar agus seiftiúlacht a chothú. Sna scoileanna is féidir meonta dearfacha i leith na foghlama amhail comhoibriú agus dianseasmhacht a láidriú agus meonta nach bhfuil dearfach a leithéidí easpa scileanna féinchabhrach atá foghlamtha agus éadfhulaingt a lagadh.

I measc na dtorthaí foghlama tá scileanna srianta agus scileanna neamhshrianta:

Scileanna srianta is ea, mar shampla, tuiscint ar litreacha na haibítire agus ar ghnásanna priontála. Caithfear máistreacht a fháil ar scileanna mar seo sna blianta tosaigh de bhrí go bhfuil siad ríthábhachtach d’fhoghlaim agus d’fhorbairt na bpáistí ina dhiaidh sin. Scileanna teoranta is ea iad agus dá bharr sin, tráth a mbíonn siad sealbhaithe agus léirithe ní luaitear mar chuid de na torthaí foghlama ag céimeanna níos airde sa churaclam.

Scileanna neamhshrianta is ea, mar shampla, stór focal agus tuiscint. Scileanna iad seo a bhíonn á sealbhú ag an bpáiste ar feadh a shaoil. Chun dul chun cinn a dhéanamh agus chun na scileanna seo a fhorbairt ní mór do pháistí dul i ngleic le téacsanna ó bhéal agus le téacsanna scríofa agus iad a chruthú agus na téacsanna seo ag dul i gcastacht i rith an ama. Dá bhrí sin, i gcásanna áirithe, d’fhéadfadh an toradh foghlama i gcás scil neamhshrianta a bheith mar an gcéanna in dhá chéim éagsúla nó níos mó.

Gné 1: Caidreamh cumarsáideach a chothú trí theanga

Díríonn an ghné seo ar eolas agus ar thuiscint a thabhairt don pháiste ar an tslí ina dtagaimid ar chiall i bpáirt le daoine eile agus a gcomhroinnimid í, i gcaidreamh cumarsáideach, mar dhaoine a thugann eolas agus a ghlacann le heolas. Go sonrach, beimid ag díriú ar fhorbairt na scileanna a theastaíonn chun tacú leis an bpróiseas sin. Ar theacht ar scoil dóibh bíonn tuiscint mhaith ag formhór na bpáistí ar an gcaidreamh cumarsáideach agus beidh an ghné áirithe seo ag cur leis an taithí atá acu cheana féin. Ní bheidh an fhorbairt chéanna ar gach páiste ó thaobh caidreamh

cumarsáideach de agus i gcás roinnt bheag páistí beifear ag déileáil lena a gcéad taithí ar chaidreamh cumarsáideach. Cé go bhfuil trasnaíl ann idir na gnéithe ar fad tá na scileanna a ndéantar forbairt orthu sa ghné áirithe seo riachtanach chun go n-éireoidh leis na páistí dul chun cinn a dhéanamh sa dá ghné eile. Taispeántar i dTáblaí 1 go 3 thíos na scileanna teanga a bhaineann go sonrach le gach gné. Baineann na scileanna i dTáblaí 1, 2, 3 le foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí le linn dóibh a bheith sa bhunscoil. Déantar na scileanna a fhorbairt de réir mar a oireann do chomhthéacs gach cineál scoile agus don staid foghlama ag a bhfuil an páiste sa chéad agus sa dara teanga.



An Curaclam Teangacha ar líne

Tá nasc ó na Scileanna agus Meonta teanga sna táblaí seo a leanas go dtí na torthaí foghlama cuí

Tábla 1. Coincheapa, scileanna agus meonta (méin) teanga – Gné 1

	AN TEANGA Ó BHÉAL	LÉITHEOIREACHT	SCRÍBHNEOIREACHT
Gné 1: a Caidreamh cumarsáideach a chothú trí theanga	comhaird ar thopaic agus tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn – intinniúlacht	tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn i dtéacs – intinniúlacht	tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn – intinniúlacht
	féachaint sa tsúil, gothaí agus comharthaíocht choirp – scileanna seachtheangeolaíocha	roghnú agus léamh téacsanna léitheoireachta a fheileann don chuspóir agus don ábhar spéise – bainteacht	cloí le topaic – bainteacht
	inchloisteacht, tuin chainte tuinairde, sos, béim, luas – scileanna paraitheangacha	dul i ngleic le raon leathan téacsanna – téacs a léamh le líofacht agus le cruinneas	tuiscint ar an lucht éisteachta/ féachana
	cloí le topaic, teagmhas séimeantach (baineann freagra an pháiste le hábhar) – bainteacht	feasacht ar chuspóir an údair	feasacht ar chuspóir
	ag freagairt, ag tosú, ag coinneáil cómhra ag imeacht, ag seachadadh agus ag tógáil seala		
	éisteacht go gníomhach agus éisteacht a fháil (ó dhaoine)		
	airdeallacht agus freagracht i dtaobh riachtanais dhaoine eile d'fhonn cumarsáid fhiúntach a fhorbairt – tuiscint ar dhaoine eile		

Gné 2: Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint

Is í aidhm na gné seo forbairt a dhéanamh ar chumas an pháiste téacs ó bhéal agus téacs scríofa a chruthú agus déileáil leis go héifeachtach ag baint úsáide as eolas agus as tuiscint a éiríonn níos sofaisticiúla de réir a chéile ar ábhar agus ar struchtúr teanga.

Tábla 2: Coincheapa, scileanna agus meonta (méin) teanga - Gné 2

	AN TEANGA Ó BHÉAL	LÉITHEOIREACHT	SCRÍBHNEOIREACHT
Gné 2: Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint	scileanna urlabhra	leideanna graiféime – fóinéime, leideanna séimeantacha agus leideanna comhréire – straitéisí aitheanta focal	scríobh cruinn na litreach – soléiteacht
	scileanna fhóineolaíochta	ag úsáid agus ag tuiscint gnásanna priontála	ag úsáid agus ag tuiscint gnásanna priontála sa scríbhneoireacht
	tuisctín choincheapúil, gaol séimeantach, forbairt foclóra – séimeantacht	forbairt foclóra	ag úsáid foclóir a éiríonn níos sofaisticiúla de réir a chéile sa scríbhneoireacht – séimeantacht
	tuisctín ar rialacha eagraíochtúla a bhaineann le hord na bhfocal, le struchtúr agus le h-eagrú abairte – comhréir	Úsáid comhréire i réimse seánraí eg filíocht a thabhairt faoi deara	abairtí a éiríonn níos cruinne agus níos casta de réir a chéile ó thaobh struchtúr agus deilbhíochta – comhréir
	tuisctín ar rialacha a bhaineann le focail a athrú e.g. an t-íolra, aimsirí na mbriathra		ag úsáid feacht fhóineolaíochta agus ortografaíochta chun focail a litriú i gceart – litriú
	cuimhne bhriathartha		ag úsáid struchtúr agus sainréim teanga a oireann don seanra agus don fhoirm – struchtúir eagraíochtúla téacs

Gné 3: Eolas a chur ar theanga agus í a úsáid

Tugtar tús áite sa ghné seo d'fhorbairt a dhéanamh ar chumas an pháiste dul i ngleic le teanga agus í a úsáid ar mhaithe le réimse leathan cuspóirí a bhaint amach agus í a úsáid i seánraí éagsúla. Trí dhul i ngleic le teanga agus trína húsáid tagann na páistí ar thuiscint, de réir a chéile, ar a nguth féin agus tagann forbairt ar an meas atá acu ar ghnéithe taitneamhacha den teanga. De réir mar a théann siad i dtaithe ar chineálacha éagsúla téacsanna, téacsanna ó bhéal agus téacsanna scríofa, a léamh agus a chruthú faigheann na páistí níos mó tuisceana ar ghuth an údair.

Tábla 3: Coincheapa, scileanna agus meonta (méin) teanga - Gné 3

	AN TEANGA Ó BHÉAL	LÉITHEOIREACHT	SCRÍBHNEOIREACHT
Gné 3: Eolas a chur ar thenaga agus ía úsáid	ag glacadh páirte go héifeacht agus mar a oireann i gcómhrá	ag úsáid straitéisí tuisceana chun brí a bhaint as téacs, é a mheas agus freagairt dó	braistint ar fhorbairt a ghutha féin
	braistint ar fhorbairt a ghutha féin	ag úsáid struchtúir eagraíochtúla téacs mar chabhair don tuiscint le linn léitheoireachta	ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitiúla de théacs
	ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitiúla de théacs		
	ag cruthú agus ag tuiscint téacsanna léiritheacha – athinsint agus cumadh scéalta agus instí pearsanta	ag déanamh monatóireachta ar thuiscint agus ag úsáid straitéisí féin –cheartaithe de réir mar a oireann	ag cruthú téacsanna inste
	ag cruthú agus ag tuiscint téacs léiritheach – cuntais fhíriciúla, míniúcháin, cur síos agus argóintí	ag aithint na bpríomh phointí eolais i dtéacs léiritheach	ag cruthú téacsanna léiritheacha
	ag úsáid teanga chun iarratais a dhéanamh, dearcadh agus roghanna a chur in iúl, rudaí a mhíniú agus a thuairisciú, chun plé, argóint agus tuar a dhéanamh agus chun réasún agus údar a thabhairt maidir le cinntí, míniúcháin agus torthaí	ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitiúla de théacs	ag freagairt do théacsanna tríd an scríbhneoireacht
	ag úsáid teanga chun eolas a chur i láthair cineálacha éagsúla lucht éisteachta agus an teanga á húsáid chun eolas a chur i láthair		ag cur tuairimí, mothúchán agus roghanna in iúl tríd an scríbhneoireacht Ag úsáid próiseas na scríbhneoireachta chun téacs a chruthú



Comhairliúchán: Abair leat

Foramharc

12. Coincheapa, Meonta agus Scileanna


Cé chomh hoiriúnach agus atá na **Coincheapa, Meonta agus Scileanna** atá liostaithe i dTáblaí 1,2, 3 d'fhorbairt na bpáistí i gCéim 1 (Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha) agus i gCéim 2 (Rang 1 agus Rang 2)

13. An bhfuil smaointe eile ba mhaith leat a fheiceáil in **Coincheapa, Meonta agus Scileanna**. Luaigh trí cinn acu in ord tábhachta ag tosú leis an gceann is tábhachtaí.

4. Curaclam Teangacha na Bunscoile a Úsáid

Scáth-théarma do thorthaí foghlama agus do chontanaim dhul chun cinn is ea *Ionchais d'Fhoghlaim agus d'Fhorbairt Teanga Páistí*. Soláthraíonn na torthaí foghlama agus na contanaim dhul chun cinn, i dteannta a chéile, pointí tagartha tábhachtacha do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil agus ag déanamh breithiúnas faoi fhoghlaim teanga páistí agus ag cinneadh cé na chéad chéimeanna eile is gá chun cabhrú leis na páistí dul chun cinn. Léiríonn sé sin struchtúr *Aistear* ina gcuirtear ionchais maidir le foghlaim páistí i láthair mar *spriocanna foghlama* agus *deiseanna foghlama samplacha*.

Fíor 2: Pleanáil agus Teagasc ar mhaithe le dul chun cinn Páistí



An Curaclam Teangacha ar Líne

Ba cheart nasc a bheith idir gach roinn thuas agus an spás COL lena mbaineann (e.g. nascann ábhair thacaíochta le spás COL le haghaidh

treoracha cleachtais srl.)

Torthaí foghlama

Déanann torthaí foghlama cur síos ar an méid ba cheart a bheith ar eolas agus ar a gcumas ag an bpáiste de thoradh an phróisis teagaisc agus foghlama ag deireadh thréimhse dhá bhliain. Cuirtear san áireamh i gcónaí, áfach, cumas an pháiste aonair agus cúinsí éagsúla eile. Cabhróidh torthaí foghlama leis an múinteoir:

- modhanna cuí pleanála, teagaisc agus foghlama a roghnú, a chur chun feidhme agus machnamh a dhéanamh orthu.
- úsáid a bhaint as modhanna measúnaithe a oireann do na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo.
- aiseolas spriocdhírthe a thabhairt do pháistí agus do thuismitheoirí.

Cuirtear torthaí foghlama i láthair le haghaidh Béarla agus Gaeilge, faoi mar is cuí do chomhthéacs na scoile, cibé acu ar scoil Ghaeilge nó scoil Bhéarla í.

Scoileanna Béarla	Scoileanna Gaeilge
Béarla - Teanga 1	Gaeilge- Teanga 1
Gaeilge - Teanga 2	Béarla - Teanga 2

Léiríonn na Torthaí Foghlama raon na gcomhthéacsanna ina bhfoghlaímíonn páistí teanga, amhail le linn am scéalaíochta agus am súgartha. Díritear sna torthaí ar fad ar an méid a dhéanann an páiste féin agus ar an teanga a tháirgeann siad ar mhaithe le héisteoirí agus cuspóirí áirithe. I gcás inarb ionann na torthaí foghlama i gCéimeanna 1 agus 2, baineann na múinteoirí úsáid as topaicí a oireann d'aois an pháiste, agus as téacsanna a éiríonn níos casta de réir a chéile chun pleanáil le haghaidh foghlaim teanga páistí agus tacú leis.



An Curaclam Teangacha ar Líne

Beidh nasc idir thorthaí an dara teanga scoile (T2) agus torthaí an chéad teanga scoile (T1) nuair is cuí. Taispeánfaidh sé sin an áit ina n-aistrefar scileanna ó T1 go T2.

Contanaim dhul chun cinn

Trí cinn de chontanaim dhul chun cinn atá ann – an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht. I ngach contanam gheofar ocht gcinn de **chlocha míle dul chun cinn (a-h)**, ina ndéantar cur síos ginearálta ar fhoghlaim agus ar fhorbairt teanga i gCéimeanna 1 agus 2. Léiríonn na clocha míle sin dul chun cinn san fhoghlaim ó na naíonáin shóisearacha go rang a dó. Sraith de **chéimeanna dul chun cinn** atá i ngach cloch mhíle dul chun cinn. Déantar cur síos níos mine sna céimeanna seo ar fhoghlaim agus ar fhorbairt páistí de réir mar a bhogann siad feadh an chontanaim. Cuirtear tús le gach contanam le foramharc nó léargas ar na clocha míle dul chun cinn a thaispeántar thíos i bhFíoracha 3, 4 agus 5.

Fíor 3. Clocha míle dul chun cinn sa Teanga ó Bhéal

Contanam dul chun cinn don **teanga ó bhéal**

TUAIRISCÍNÍ AR CHLOCHA MÍLE DUL CHUN CINN

a

Díríonn an páiste ar rud agus roinneann aird air le duine eile. Malartaíonn sé/sí aoibh nó meangadh agus déanann fuaim ghutha le freagairt. Braitheann an páiste ar an duine eile chun léirmhíniú a thabhairt ar bhrí chomhroinnte.

b

Úsáideann an páiste focail aonair agus/nó frásaí gearra chun gnáthrud atá le feiceáil a ainmniú. Tosaíonn sé/sí ag iarraidh rudaí agus a éisteacht le heispéiris i bpáirt. Tosaíonn an páiste a ghuthú agus úsáideann é sin i dteannta geáitsí chun mothúcháin agus riachtanais a chur in iúl, agus chun idirghníomhú le daoine eile. Bíonn fós ról tábhachtach ag an 'duine eile' chun léirmhíniú a thabhairt ar bhrí chomhroinnte.

c

Tagraíonn an páiste do ghnáthrudai agus imeachtaí, agus eispéiris chomhroinnte. Úsáideann sé/sí teanga ón mbaile agus óna dtimpeallacht chun cumarsáid a dhéanamh. Úsáideann an páiste leideanna neamhbhriathartha chun cabhrú le teanga labhartha a thuiscint agus nuair a bhíonn siad ag comhroinnt brí ruda le daoine eile. Úsáideann an páiste gnásanna sóisialta bunúsacha le linn idirghníomhaíthe. Freagraíonn sé/sí agus léiríonn aitheasc acu do dhaoine eile.

d

Úsáideann an páiste teanga chun a c(h)uid smaointe, mothúcháin agus tuairimí a chur in iúl agus chun ceisteanna a chur. Bíonn comhráite acu faoi rudaí ar spéis leo iad, eispéiris phearsanta agus topaicí a bhfuil taithí acu orthu. Tosaíonn an páiste a fheiceáil comhrá mar mhalairt eolais agus faisnéise le duine eile. Tosaíonn sé/sí a thuiscint go dtéann an lucht éisteachta i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid.

e

Tosaíonn an páiste a úsáid teanga nua a foghlaimíodh trí théacsanna agus trí idirghníomhú le daoine eile. Tugann sé/sí chun cuimhne don éisteoir eispéiris aonair, oird nó seichimh agus imeachtaí. Tá níos mó airde ag an bpáiste ar a lucht éisteachta agus úsáideann an teanga go difriúil ag bráth ar an éisteoir. Labhraíonn sé/sí le réimse focail níos fairsinge agus le mionsonraí, agus úsáideann siad comhthéacs chun focail nua a thuiscint.

f

Glacann an páiste páirt i réimse níos leithne comhráite agus bíonn siad ar a suaimeas níos mó agus iad ag déanamh comhrá le daoine nach bhfuil aithne acu orthu. Tugann sé/sí mionléiriú ina c(h)uid freagraí agus meabhraíonn ar, agus cuireann san áireamh, smaointe agus mothúcháin daoine eile. Úsáideann an páiste tuin, geáitsí agus comhthéacs chun focail agus frásaí nua a thuiscint. Forbraíonn sé/sí topaicí comhrá, léiríonn rud le níos mó mionsonraí agus úsáideann roinnt focal atá sainiúil don topaic.

g

Tugann an páiste eolas, cur síos agus mionléiriú trí theanga nach n-úsáidtear chomh minic sin agus atá oiriúnach don topaic. Is féidir leis/léi míniúcháin agus cosaint nó bonn cirt a thabhairt in agus ar son a c(h)uid freagraí. Roghnaíonn an páiste teanga agus stíl ar leith mar fhreagairt ar an lucht éisteachta ar leith. Úsáideann siad teanga fháthchiallach agus teanga thuairisciúil chun níos mó mionsonraí a thabhairt agus iad ag déanamh cumarsáide. Is féidir leis an bpáiste príomhphointí agus sonraí ábhartha a aimsiú i dtéacsanna.

h

Tugann an páiste míniúcháin, agus eolas ar choincheapa agus ar shuíomhanna atá níos casta agus nach dtagtar trasna orthu ach go hannamh. Breathnaíonn siad ar agus oibríonn siad le corpas mór eolais agus iliomad tuairimí agus nochtann, tugann údar le agus cosnaíonn a gcuid freagraí. Roghnaíonn an páiste foclóir ar son cuspóir agus éifeacht ar leith. Úsáideann sé/sí teanga níos teibí amháil cora cainte fáthchiallach agus meafair.

Fíor 4. Clocha míle dul chun cinn sa Léitheoireacht



Contanam dul chun cinn don **léitheoireacht**

TUAIRISCÍNÍ AR CHLOCHA MÍLE DUL CHUN CINN

a

Taitníonn sé leis an bpáiste bheith ag súgradh le leabhair agus bheith ag roinnt leabhar. Breathnaíonn sé/sí ar leabhair, éistean le agus láimhseálann iad ar mhaithe le pléisiúr. Ceanglaíonn an páiste brí áirithe le pictiúir agus siombailí coitianta agus téacs.

b

Léiríonn an páiste iompraíocht atá cosúil le léitheoireacht sa súgradh agus nuair a bhíonn leabhair acu. Breathnaíonn sé/sí ar leabhair, éistean le agus láimhseálann iad ar mhaithe le pléisiúr. Freagraíonn an páiste do théacsanna a léitear dó/di agus forbraíonn an tuiscint go roinneann teachtaireachtaí le prionta. Aithníonn sé/sí roinnt lógónna agus téacs ina t(h)impeallacht.

c

Tosaíonn an páiste a cheangal roinnt litreacha le fuaimeanna agus aithníonn roinnt focail ardmhínicíochta le hamharc orthu. Éistean sé/sí le téacsanna agus roinneann freagairtí le daoine eile. Nuair a bhíonn sé/sí ag roinnt 'léamh' téacs cé acu ina (h)aonar nó le daoine eile, tarraingíonn an páiste ar thairbhí phearsanta, eolas agus cuimhne.

d

Úsáideann an páiste roinnt scileanna láimhseáil leabhair agus aithníonn roinnt gnásanna bunúsacha prionta. Aithníonn sé/sí mórchuid na litreacha san aibítir, tosaíonn a chumasc fuaimeanna aonair agus aithníonn focail ríme. I gcomhar le daoine eile, aithníonn an páiste scéalta agus tosaíonn a úsáid roinnt leideanna ón gcomhthéacs chun cabhrú leis an tuiscint.

e

Úsáideann an páiste a c(h)uid eolais ar amharcfhocail, focail ríme, siollaí, bunphatrúin litreacha agus leideanna ón téacs thart timpeall chun focail a léamh. Léann sé/sí téacsanna aithnidiúla go neamhspleách. I gcomhar le daoine eile, tosaíonn an páiste a dhéanamh monatóireachta ar thuiscint agus ar ghiniúint ceisteanna.

f

Úsáideann an páiste réimse leathan straitéisí chun focail a aithint agus chun stór focal níos fairsinge a thuiscint. Baineann sé/sí taitneamh as seánraí éagsúla agus is féidir leis/léi teacht ar phríomh-mhéireanna eolais laistigh díobh sin. Léann an páiste téacsanna ar a gcompond ag a leibhéal neamhspleách féin.

g

Baineann an páiste taitneamh as seánraí éagsúla. Léann sé/sí ar son cuspóirí ar leith agus aimsíonn eolas agus sonraí príomha. Úsáideann an páiste réimse leathan straitéisí agus uirlisí tuisceana amhail dár na n-ábhar agus foclóirí chun cabhrú leo téacsanna a thuiscint. Léann an páiste téacsanna ar a gcompond ag a leibhéal neamhspleách féin.

h

Baineann an páiste taitneamh as réimse leathan seánraí agus léann téacsanna mionsonraithe ag a leibhéal neamhspleách féin ar son cuspóirí difriúla. Úsáideann sé/sí réimse leathan straitéisí aithint focal go réidh. Tuigeann an páiste téacs trí dhíríú ar ghnéithe teanga, iomháineachas agus foclóir agus aithníonn gur féidir le daoine aonair téacs a léirmhíniú go difriúil lena chéile.

Fíor 5. Clocha míle dul chun cinn sa Scríbhneoireacht



Contanam dul chun cinn don **scríbhneoireacht**

TUAIRISCÍNÍ AR CHLOCHA MÍLE DUL CHUN CINN

a

Taitníonn sé leis an bpáiste marcanna a dhéanamh a roinneann sé/sí le daoine eile. Fiosraíonn an páiste uirlisí agus ábhair dhifriúla chun marcanna a dhéanamh. Baineann an páiste ciall éigin as na marcanna. Roinntear an chiall sin le daoine eile trí chomhra agus trí ghothaí.

b

Taitníonn sé leis an bpáiste marcanna agus líníochtaí a dhéanamh. Úsáideann sé/sí uirlisí agus ábhair dhifriúla chun marcanna agus líníochtaí a dhéanamh chun smointe, mothúcháin agus eispéiris ar leith a chur in iúl do dhaoine eile. Tuigeann an páiste go bhfuil ciall leis na marcanna agus is minic a insíonn siad scéal fúthu d'fhonn an chiall sin a roinnt le daoine eile.

c

Úsáideann an páiste foirmeacha ar nós litreacha le hais a gcuid marcanna agus líníochtaí. Déanann sé/sí idirdhealú idir líníochtaí agus cruthanna atá ar nós litreacha, agus idirdhealú idir léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Labhraíonn an páiste faoi téacsanna pearsanta agus na bríonna atá leo rud a chabhraíonn le daoine eile a scríbhneoireacht a léamh.

d

Cruthaíonn an páiste téacsanna bunaithe ar shuimeanna pearsanta agus ar thopaicí coiteanna. Úsáideann sé/sí roinnt litreacha atá ceart ó thaobh na foghraíochta de agus léiríonn tuiscint ar ghnásanna bunúsacha an phrionta. Cuireann an páiste níos mó mionsonraí i dtéacsanna trí líníochtaí agus úsáideann roinnt focal agus é/í ag cumadh téacs le duine fásta.

e

Cruthaíonn an páiste téacsanna ina gcomhroinneann sé/sí eispéiris agus roghanna pearsanta. Déanann an páiste é sin le habairtí iomlána, stór méadaitheach focal, níos mó gnásanna prionta agus níos mó litriú ceart ó thaobh na foghraíochta de. Tosaíonn se/sí a roghnú teanga a oireann do théacsanna ar son cuspóir ar leith, agus oibríonn le daoine eile le linn phróiseas na scríbhneoireachta.

f

Cruthaíonn an páiste téacsanna d'éisteacht agus do chuspóirí difriúla. Scríobhann sé/sí le níos mó neamhspleáchais ag úsáid stór mór foclóra agus poncaíocht bhunúsach. Bailíonn an páiste eolas, tosaíonn phleanáil a c(h)uid oibre agus á cur in eagar. Úsáideann an páiste straitéisí amhairc mar aon le cinn foghraíochta chun focal a litriú agus litríonn réimse d'fhocail ardmhíniúcháin go cruinn.

g

Cruthaíonn an páiste téacsanna go neamhspleách do roinnt cuspóirí agus pobail éisteachta. Meabhraíonn sé/sí ar an lucht éisteachta agus ar an gcuspóir nuair a bhíonn focail, smointe nó eolas do na téacsanna, agus struchtúr na dtéacsanna á roghnú. Úsáideann an páiste aimsirí, nascaigh agus comharthaí poncaíochta éagsúla. Litríonn an páiste go cruinn ag úsáid réimse leathan straitéisí.

h

Úsáideann an páiste raon seánraí scríbhneoireachta agus scríobhann téacsanna miona go neamhspleách ar raon cuspóirí agus do phobail éisteachta dhifriúla. Roghnaíonn sé/sí focail, gnéithe teanga agus struchtúir chun freagairt do chuspóir an téacs, an lucht éisteachta agus an seánra. Pleanálann an páiste téacsanna, litríonn go cruinn focail ardmhíniúcháin agus chasta agus úsáideann níos mó poncaíocht cheart agus gramadach cheart i dtéacsanna. Úsáideann an páiste bríonna litriúla agus intuigthe i dtéacsanna.

Na Contanaim a Úsáid i gComhthéacsanna Dífriúla Scoile

Tugann na contanaim solúbthacht do scoileanna chun ionchais d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga páistí a aithint, bunaithe ar an gcomhthéacs foghlama teanga agus déimeagrafach ina bhfuil siad agus de réir na dtorthaí foghlama a ghabhann le gach céim. Is ionann na contanaim, a bheag nó a mhór, sna trí chomhthéacs foghlama teanga, ach tá siad solúbtha a ndóthain chun gur féidir le scoileanna dul chun cinn páistí a shuí ó rang go rang agus spriocanna a shocrú a oirfidh dá gcomhthéacs teanga féin. Mar shampla, fágann na contanaim gur féidir le scoileanna dul chun cinn páistí in imeacht aimsire i rang ar bith a shuí trasna colún sa chontanam agus díriú ar na hionchais d'fhormhór na bpáistí sa rang sin ag uair ar bith. Feictear uaidh sin an tslí ina dtacaíonn Curaclam Teangacha na Bunscoile, go háirithe na torthaí agus na contanaim, le scoileanna féinmheastóireacht agus pleanáil scoile uile a dhéanamh.

Fíor 6. Pointí iontrála a mholtar do pháistí ar na Contanaim Dhul Chun Cinn do Chéimeanna 1 agus 2

Ionchais mholta do pháistí ar an bpointe tosaigh ar an gcontanm dul chun cinn

Na Spriocanna



Tús na Naíonáin Bheaga	AN TEANGA Ó BHÉAL	BÉARLA						
		GAEILGE						
	LÉITHEOIREACHT AND SCRÍBHNEOIREACHT	BÉARLA						
		GAEILGE						
Tús rang 1	AN TEANGA Ó BHÉAL	BÉARLA						
		GAEILGE						
	LÉITHEOIREACHT AND SCRÍBHNEOIREACHT	BÉARLA						
		GAEILGE						

Gnéithe áirithe d’Fhíor 6 ar díol suntais iad:

- Léiríonn scáthú oráiste chéad teanga na scoile.
- Léiríonn scáthú gorm dara teanga na scoile.
- Cuirtear snáitheanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta i láthair i dteannta a chéile. Cuirtear snáithe na teanga ó bhéal i láthair mar mhír ar leithligh.



An Curaclam Teangacha ar líne

Nascann na coincheapa, na dearcthaí agus na scileanna teanga sna táblaí seo a leanas leis na torthaí foghlama lena mbaineann.

Samplaí d'obair páistí

Feictear i samplaí d'obair páistí atá anótáilte ag múinteoirí an tslí inar féidir le himeachtaí foghlama aonair eolas mórluachmhar mar gheall ar fhoghlaím teanga páistí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus tacú leo agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaím á bpleanáil acu. Lena chois sin, tugann siad eolas fócasaithe do pháistí agus dá dtuismitheoirí¹. Nasctar na samplaí le clocha míle agus céimeanna áirithe dul chun cinn agus cuirtear i láthair iad i bhformáidí clóite, fuaime agus físe.

Cabhair is ea na contanaim agus na samplaí d'obair páistí do mhúinteoirí agus iad ag iarraidh dul chun páistí san fhoghlaím a threorú ar luas a oireann d'fhorbairt an pháiste a bhíonn i gceist. Oireann na contanaim do phointí tosaithe difriúla i bhfoghlaím agus i bhforbairt teanga agus do rátaí difriúla dul chun cinn i measc páistí. Déanann páistí áirithe dul chun cinn go gasta ach tá páistí eile ann a dteastaíonn níos mó ama agus deiseanna uathu chun taithí a fháil ar ghnéithe áirithe teanga sula mbíonn an scil sin sealbhaithe acu. Is gá an teagasc a dhéanamh ar bhonn difreáilte, mar sin, le cinntiú go ndéanann gach páiste dul chun cinn.

Taispeántar i bhFíor 7 thíos dhá shampla d'obair páistí agus iad anótáilte ag múinteoirí. Úsáidtear na clocha míle dul chun cinn agus aithnítear na chéad chéimeanna eile.

¹ I measc na n-ábhar comhairliúcháin beidh roinnt samplaí anótáilte d'obair páistí.

Fíor 7. Dhá shampla d'obair páistí agus iad anótáilte ag múinteoirí. Úsáidtear na clocha míle dul chun cinn agus aithnítear na chéad chéimeanna eile.




Milestone on the writing continuum: C

- Uses letter-like forms alongside their marks and drawings.
- Distinguishes between drawings and letter-like shapes.
- The child talks about personal texts and meanings carried in them helping others to read their writing

Next steps:

- Use some phonetically correct letters to represent individual words
- Show increased understanding of conventions of print
- Increase detail in drawings and words when writing collaboratively
-



Clocha míle dul chun cinn ar an gcontanam scríbhneoireachta:

- Comhroinneann siad eispéiris phearsanta
- Scríobhann siad abairtí iomlána
- Úsáideann siad gnásanna prionta
- Úsáideann siad níos mó den litriú ceart ó thaobh na foghraíochta de

Na chéad chéimeanna eile:

- Straitéisí amhairc mar aon le straitéisí foghraíochta a úsáid chun focal a litriú
- Breis poncaíochta a úsáid
- Stór foclóra níos leithne a úsáid



An Curaclam Teangacha ar Líne


Nasc le samplaí d'obair páistí ar COL.

Ábhar tacaíochta don phleanáil, don teagasc agus don mheasúnú

Ar áireamh sa roinn dar teideal *Pleanáil, Teagasc agus Measúnú de www.curriculumonline.ie*, beidh ábhair bhreise a chuirfear i láthair i bhformáidí clóite, fuaime agus físe. Gheofar sna teoracha cleachtais, atá ina gcuid den ábhar tacaíochta, cineálacha éagsúla cur chuige i leith mhúineadh na teanga agus na litearthachta Gaeilge agus Béarla i ranganna sóisearacha. Orthu sin beidh modheolaíochtaí faoi stiúir an mhúinteora agus modheolaíochtaí faoi threoir an pháiste ionas go mbeidh solúbthacht ag múinteoirí agus iad ag cur an churaclaim teanga chun feidhme. Déanfar athruithe ar an roinn Pleanála, teagaisc agus measúnaithe in imeacht ama agus beidh naisc idir é agus ábhar léitheoireachta agus taighde eile, agus chuig an suíomh Gréasáin *Action*.

Taispeántar i bhFíor 7 an tslí ina dtacaíonn codanna difriúla den churaclam le múinteoirí agus iad i mbun pleanála agus teagaisc agus ag tacú le dul chun cinn páistí ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt teanga. Pointe tosaithe is ea é do mhúinteoirí an cheist a chur, ***céard leis a bhfuilim ag súil ó na páistí ó thaobh foghlaim agus forbairt teanga de?*** Baineann an múinteoir leas as na torthaí foghlama don chéim atá i dtrácht chun na hionchais ghinearálta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga na bpáistí a shainaithint.

Fíor 7. Pleanáil, teagasc agus measúnú ar mhaithe le Torthaí Foghlama



Measúnú

Tacaíocht a bheidh sna torthaí foghlama agus sna contanaim dhul chun cinn i gCuraclam Teangacha na Bunscoile do mhúinteoirí agus iad ag déanamh breithiúnas mar gheall ar fhoghlaim páistí, agus ag sainathint na chéad chéimeanna eile sa teagasc agus san fhoghlaim ar mhaithe le dul chun cinn an pháiste. Tacaíocht a bheidh iontu, leis, do mhúinteoirí agus iad ag tuairisciú dul chun cinn páistí san fhoghlaim dá dtuismitheoirí agus do dhaoine eile lena mbaineann.

Déanfaidh an measúnú sa churaclam teanga tuilleadh forbartha ar ábhar tacaíochta an CNCM atá ar fáil do scoileanna i láthair na huaire. Beidh *Assessment in the Primary*

School Curriculum: Guidelines for Schools (NCCA, 2007) agus *Supporting learning and development through assessment* (NCCA, Aistear Guidelines, 2009) le cois samplaí d'obair páistí ag éirí as obair an CNCM le Lónra Measúnaithe na mBunscoileanna ar fáil sa roinn dar teideal *Pleanáil, Teagasc agus Measúnú* sa tsonraíocht churaclaim ar líne. Lena chois sin, chun an curaclam nua teangacha a léiriú, déanfar mionathrú ar acmhainní a thacaíonn le scoileanna dul chun cinn agus gnóthachtáil páistí i bhfoghlaim teanga agus ar fud an churaclaim a mheas, atá le fáil ag www.ncca.ie/primaryreporting.



An Curaclam Teangacha ar líne

Nasc le spás na n-ábhar tacaíochta ar COL.



Comhairliúcháin: Tabhair do thuairim

Curaclam Teangacha na Bunscoile a Úsáid

- 14. Dul chun cinn – Iontráil i gCéim 1:**—na litreacha—sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht is fearr a léiríonn raon **foghlaim agus forbairt teanga páistí ag tús rang na naíonán sóisearach** i do scoil.
- 15. Dul chun cinn – Iontráil i gCéim 2:**
Aithin an chloch mhíle/na clocha míle —na litreacha—sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht is fearr a léiríonn raon **foghlaim agus forbairt teanga páistí ag tús Rang a hAon** i do scoil.
- 16. Samplaí d'Obair Páistí:**
Cén chabhair duit a bheidh sna Samplaí d'Obair Páistí a nascann le torthaí agus leis na contanaim agus lena n-áirítear tuairimí múinteoirí, agus tú ag tacú le páistí chun dul chun cinn a dhéanamh ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt teanga?

17. Treoracha Cleachtais:

Tá **Treoracha Cleachtais** á gceapadh againn mar chuid den ábhar tacaíochta do Churaclam nua Teangacha na Bunscoile sna réimsí seo a leanas:

Gaeilge Gníomhaíochtaí litearthachta/ fónaic; Graiméar na Gaeilge; Leabhair phictiúir gan focail sa seomra rang; Léitheoireacht faoi threoir; Scéalta mar áis teanga i rang na Naíonán; Taifead Reatha Conas litríocht na nÓg a úsáid d'fhonn stratiéisí tuisceana a fhobairt; Cur chuige cumarsáideach; Eolas le haghaidh Tuistí: conas tacú leis an nGaeilge agus litearthacht na Gaeilge; Fónaic na Gaeilge

English Children's vocabulary; Critical thinking and book talk; Cursive writing from the beginning ; Engaging children with literature; Guided reading; Reader's Theatre; Socio-dramatic play and language learning; Supporting children's reading at home and Writing workshop

An bhfuil aon ghné eile d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga páistí ar cheart tús áite a thabhairt di san fhorbairt? Liostaigh suas le 3 ghné agus cuir an ceann is tábhachtaí leat sa chéad áit.

Torthaí Foghlama do Scoileanna Gaeilge

Tábla 1: Torthaí foghlama maidir leis an Teanga ó Bhéal (T1 Gaeilge)

Snáithe: An teanga ó bhéal		
Caidreamh cumarsáideach a chothú trí theanga	Céim 1 <i>I gcomhpháirt leis an múinteoir is ceart go ndéanfaidh páistí na nithe seo a leanas*</i>	Céim 2 <i>Ba cheart do pháistí a bheith in ann*</i>
	Aird agus taitneamh a léiriú, straitéisí tuisceana a úsáid chun stór focal a shealbhú agus iad ag éisteacht go rialta le Gaeilge shaibhir i réimse comhthéacsanna, cé nach gá go dtuigfeadh sé/sí gach focal	
	Éisteacht le guthanna/canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora	
	Éisteacht le réimse leathan beannachtaí, nathanna cainte agus frásaí coitianta á n-úsáid, aithris a dhéanamh orthu le tuin agus foghraíocht chuí agus iad a úsáid go cumarsáideach sa chomhthéacs cuí	
	Spéis a léiriú, éisteacht go haireach agus <u>comhaird</u> a thaispeáint agus iad ag freagairt do dhaoine eile i bhfocail nó go neamhbhriathartha	
	A aithint go n-athraíonn an stíl chainte ag brath ar an ngaol idir dhaoine agus ar an lucht éisteachta agus tuiscint a léiriú ar riachtanais na n-éisteoirí	An tionchar a bhíonn ag focail, siombailí, gothaí agus comharthaíocht choirp ar an éisteoir a aithint agus tuin oiriúnach chainte agus scileanna cuí léirithe a úsáid a oirfidh don <u>lucht éisteachta</u>
	Tús a chur le cómhraíte ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim, leanúint leis an gcómhrá, a bheith páirteach ann, taitneamh a bhaint as, agus iad ag úsáid teanga atá tógtha as an gcomhthéacs ina raibh sí chun insintí, míniúcháin, míreanna eolais agus cur síos a fhorbairt agus a leathnú	
	Na príomhphointí i gcomhrá a thabhairt chun cuimhne, na pointí sin a aithris nó a chur i láthair agus tuiscint á léiriú acu ar riachtanais na n-éisteoirí	
Abhar agus struchtúr na teanga a thuiscint	Feasacht fóineolaíochta a léiriú agus a úsáid mar thaca don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht	
	Úsáid a bhaint as abairtí comhleanúnacha a bhíonn ag éirí níos deacra de réir a chéile, agus tuiscint a léiriú ar ord ceart na bhfocal agus ar struchtúr ceart na habairte	
	Úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós geáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúir, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid	
	Úsáid a bhaint as foclóir agus frásaí a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs, le topaic agus le sainteanga an churaclaim	
	A léiriú go bhfuil forbairt ag teacht ar a dtuiscint trí úsáid a bhaint, de réir mar is cuí, as <u>nascaigh</u> , as <u>comhabairtí</u> agus as <u>abairtí casta</u>	

	chun sainmhniú a thabhairt
Eolas a chur ar theanga agus í a úsáid	Riachtanais agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh ar bhealach muiníneach, ag léiriú tuisceana i rith an ama trí fhreagairt ó bhéal, trí ghníomhartha agus /nó trí threoracha gearra a leanúint agus a thabhairt
	Réimse daoine, rudaí, imeachtaí agus eispéiris a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisceana ina leith a léiriú
	<u>Ceisteanna oscailte agus dúnta</u> a chur agus a fhreagairt, chun cabhrú le heolas agus tuiscint a fháil agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú
	Scéalta agus insintí pearsanta a bhíonn ag dul chun castachta a insint agus a athinsint do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga as an <u>téacs</u> , agus /nó a gcuid focail féin agus na scéalta a fhorbairt trí leaganacha nua a thuar agus a chruthú
	Pointí eolais a mhíniú, eolas a thabhairt fúthu nó cur síos a dhéanamh orthu do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair agus réimse <u>straitéisí tuisceana</u> chun comhráite a bhíonn ag éirí níos soiléire a fhorbairt, ag léiriú feasachta ar riachtanais an éisteora
	Éisteacht le agus freagairt do ghnéithe <u>aeistéitiúla</u> , samhlaíocha agus cruthaitheacha na teanga agus teanga a úsáid ar bhealach spraíúil, cruthaitheach
	Teanga a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le <u>lucht éisteachta</u> a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad
	Cur síos agus machnamh a dhéanamh agus míniú a thabhairt, i gcomhthéacsanna samhailteacha agus réalaiíocha, ar phróisis, ar ghníomhaíochtaí agus ar eachtraí agus na torthaí a bheidh orthu a thuar

* Nuair a chuirtear cumais agus cúinsí éagsúla san áireamh

Tábla 2: Torthaí foghlama maidir leis an Léitheoireacht (T1 Gaeilge)

Snáithe: An léitheoireacht	
Céim 1 <i>I gcomhpháirt leis an múinteoir is ceart go ndéanfaidh páistí na nithe seo a leanas*</i>	Céim 2 <i>Ba cheart do pháistí a bheith in ann*</i>
Caidreamh cumarsáideach a chothú trí theanga	Éisteacht le agus féachaint ar réimse leathan <u>téacsanna</u> , iad a léamh, labhairt fúthú agus pléisiúr a bhaint astu i bpáirt le daoine eile
	A thuiscint go gcuirtear brí in iúl trí chiall a bhaint as focail scríofa agus as léaráidí
	<u>Téacs</u> a roghnú, a léamh agus a phlé ar mhaithe le pléisiúr agus ar mhaithe le spéis
	<u>Téacs</u> a roghnú, a léamh agus a phlé ar mhaithe le pléisiúr, cuspóirí ar leith nó ar mhaithe le spéis
Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint	Téacs ag a <u>leibhéal teagaisc</u> agus ag <u>leibhéal neamhspleách</u> , a bhíonn ag éirí níos casta, a léamh go <u>líofa</u> agus le tuiscint
	<u>Gnásanna priontála</u> bunúsacha a aithint agus a úsáid i dtéacs digiteach agus i dtéacs clóite
	Na <u>gnásanna priontála</u> a úsáid mar chabhair chun brí a bhaint as <u>téacs</u> digiteach agus téacs clóite
	<u>Feasacht fóineolaíochta</u> ar ghnéithe den teanga labhartha a léiriú, ag cur san áireamh siollaí, comhfhuaime agus rím agus <u>fóinéim</u>
	<u>Feasacht fóineolaíochta</u> a léiriú trí úsáid a bhaint le solúbhthacht agus le féinmhuinín as scileanna <u>fóinéimeacha</u> agus <u>fóineolaíochta</u>
	Réimse litreacha i bhfoirm ceannlitreacha agus litreacha beaga a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú
	An tuiscint bhreise atá acu ar sheicheamh litreacha a úsáid mar chabhair chun focail nua a aithint
	A dtuiscint ar na freagairtí idir <u>ghraiféimí</u> agus <u>fóinéimí</u> a úsáid mar chabhair agus iad ag dí-chódú focail nach n-aithníonn siad agus tuiscint éigin á léiriú acu ar sheicheamh litreacha
	Tuiscint a léiriú ar an difríocht idir fuaimniú na bhfocal sa chaint agus a leagan scríofa agus an tuiscint sin a chur i bhfeidhm ina gcuid léitheoireachta agus foghraíocht cheart na Gaeilge a úsáid
	Úsáid a bhaint, le solúbhthacht agus le féinmhuinín, as raon <u>straitéisí aitheanta focal</u> chun <u>téacsanna</u> ar a <u>leibhéal teagaisc</u> agus ag <u>leibhéal neamhspleách</u> a léamh
	Focail leis an mbrí chéanna agus focail leis an bhfuaim chéanna ach le bríonna éagsúla a fhiosrú
	A bhfuil ar eolas atá acu faoi <u>chomhchiallaigh</u> , <u>frithchiallaigh</u> agus <u>comhainmneacha</u> , <u>táthmhíreanna</u> agus <u>fréamhfhocail</u> , a úsáid chun teacht ar bhrí focail agus frásaí nach bhfuil ar eolas acu
Réimse <u>straitéisí foclóra</u> a úsáid chun foclóir nua a aithint, a phlé agus a úsáid de réir mar a thagann sé chun cinn le linn spraoi, i	

	<u>dtéacs</u> , i dtreoracha agus i gcomhrá	
<i>Eolas a chur ar theanga agus í a úsáid</i>	Dul i dtaithí ar réimse leathan <u>seánraí</u> i bhfoirm <u>téacs</u>	
	Eispéireas a fháil ar réimse <u>seánraí</u> agus freagairt dóibh ag úsáid teanga chuí, agus tuairimí agus tosaíochtaí a chur in iúl	Eispéireas a fháil ar agus freagairt do réimse níos leithne <u>seánraí</u> , ag aithint na ndifríochtaí eatharthu, agus tuairimí agus tosaíochtaí a chur in iúl agus a chosaint
	Dul i ngleic le téacs agus brí a bhaint as trí raon <u>straitéisí tuisceana</u> a úsáid le linn obair a dhéanamh go neamhspleách nó i bpáirt	Dul i ngleic le téacs trí úsáid a bhaint ar bhealach solúbtha as raon inmhalartaithe de <u>straitéisí tuisceana</u>
	Monatóirecht a dhéanamh ar thuiscint le linn léitheoireachta agus féincheartú a dhéanamh go neamhspleách	
	Feasacht a fhorbairt i leith gnéithe <u>aeistéitiúla</u> , cruthaitheacha agus samhlaíocha de théacs agus freagairt dóibh	
	Sonraí tábhachtacha i <u>dtéacs</u> a thabhairt chun cuimhne, iad a phlé agus a athinsint san ord ceart agus na príomhpointí eolais i <u>dtéacs</u> a aithint	

* Nuair a chuirtear cumais agus cúinsí éagsúla san áireamh

Tábla 3: Torthaí foghlama maidir leis an Scríbhneoireacht (T1 Gaeilge)

Snáithe: An scríbhneoireacht		
Céim 1 <i>I gcomhpháirt leis an múinteoir is ceart go ndéanfaidh páistí na nithe seo a leanas*</i>		Céim 2 <i>Ba cheart do pháistí a bheith in ann*</i>
Caidreamh cumarsáideach a chloú trí theanga	A thuiscint gurb é an cuspóir atá leis an líníocht agus/nó leis an scríobh cumarsáid a dhéanamh leis an léitheoir	
	Páirt a ghlacadh agus spraoi a bhaint as marcanna, líníocht agus scríbhneoireacht a dhéanamh agus idirdhealú a dhéanamh idir scríobh agus léamh	Páirt a ghlacadh agus taitneamh a bhaint as scríbhneoireacht a dhéanamh ar son cineálacha éagsúla luchtanna léite chun topaic, seánra agus ábhar a roghnú
	Tarraingt ar an eolas atá acu cheana féin d’fhonn páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht pháirteach agus téacs a chruthú, nuair atá an múinteoir ag gníomhú mar scríobhaí	Tarraingt ar an eolas atá acu cheana féin d’fhonn páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht neamhspleách agus i scríbhneoireacht pháirteach
	Taitneamh a bhaint as a bhfuil scríofa acu, é a léamh, a phlé agus bealaí chun é a fheabhsú a aimsiú	
Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint	Réimse ceannlitreacha agus litreacha beaga a ainmniú agus a scríobh agus gnásanna priontála bunúsacha chomh maith le struchtúr cuí abairte a úsáid	Scríobh ag baint úsáide as script reatha, gnásanna priontála, poncaíochta, gramadaí agus leideanna comhréire
	Úsáid a bhaint ina gcuid scríbhneoireachta as stór focal atá á fhorbairt acu trína dtaithí phearsanta agus trí dhul i ngleic le téacs	Úsáid a bhaint as stór focal níos casta, aimsirí cearta na mbriathra, agus nascaigh ina gcuid scríbhneoireachta
	Úsáid a bhaint as roinnt litriú ceart agus tarraingt ar an eolas atá acu faoi phatrúin fuaime agus patrúin litreacha chun buille faoi thuairim a thabhairt maidir le litriú focail	Réimse focal ardmhínicíochta a litriú go cruinn agus straitéisí litrithe a úsáid chun focail neamhaitheanta a litriú
		Tuiscint a léiriú ar na difríochtaí idir an teanga labhartha agus an leagan scríofa den teanga
Eolas a chur ar theanga agus í a úsáid	An próiseas scríbhneoireachta a úsáid chun téacs a scríobh i bpáirt agus / nó go neamhspleách	
	Tabhairt faoin líníocht agus faoin scríbhneoireacht ag léiriú tuiscint ar an gcuspóir agus ar an lucht éisteachta araon, agus téacsanna á gcruthú acu i réimse seánraí agus á roghnú acu le roinnt le daoine eile	
	A gcuid mothúchán, smaointe, taithí, tuairimí agus roghanna a roinnt go muiníneach chun gur féidir leo guth ar leith a fhorbairt ina gcuid scríbhneoireachta	
	Dul i ngleic le gnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha den teanga chun téacsanna a chruthú i réimse seánraí	

Nuair a chuirtear cumais agus cúinsí éagsúla san áireamh

Table 5: Learning outcomes for Oral Language (L2 English)

Strand: Oral Language		
	Stage 1: <i>In partnership with the teacher, children should*</i>	Stage 2: <i>Children should be able to*</i>
Developing communicative relationships through language	Show interest in, listen attentively to, and demonstrate <u>joint attention</u> while responding to others verbally and <u>non-verbally</u>	
	Recognise that language style changes with different relationships and <u>audiences</u> and understand the listener's needs	Identify the effect of words, symbols, gestures and body language on the listener and use a language style and tone suited to the <u>audience</u>
	Initiate, sustain, engage in and enjoy conversations on personal and curriculum based topics <u>using language removed from its original context</u> to build on and extend <u>narratives</u> , explanations, informative pieces and descriptions	
	Recall and share the main points of a conversation showing awareness of listeners' needs	
Understanding the content and structure of language	Demonstrate and use <u>phonological awareness</u> to support reading and writing	
	Use coherent sentences of increasing complexity and showing correct word order and sentence structure	
	Use different strategies such as a speaker's gestures, tone of voice, known words, pictures, sentence structure, definitions and descriptions to show understanding of and use new words	
	Use a broad of vocabulary and phrases including the language of text, topic and subject specific language	
	Show understanding through the appropriate use of <u>connectives</u> and <u>compound</u> and <u>complex sentences</u> to elaborate meaning	
Exploring and using language	Express personal needs and preferences, and make requests with confidence while demonstrating understanding through verbal responses, actions and/or following and giving short instructions	
	Name, describe and categorise people, objects, and experiences showing increasing depth of knowledge and improved understanding	
	Ask and answer a variety of <u>open and closed questions</u> to seek help, get information, develop understanding, clarify and extend thinking	
	Tell and retell stories and personal <u>narratives</u> of increasing complexity to familiar and unfamiliar audiences, using language from the text and/or their own words and extend the stories to predict and create alternative versions	
	Explain, inform or describe points of information to familiar and unfamiliar audiences using topic-specific language and a range of <u>comprehension strategies</u> to build a coherent conversation while being aware of the listener's needs	
	Listen and respond to the <u>aesthetic</u> , imaginative and creative aspects of language and use language playfully and creatively	
	Use language with confidence to work collaboratively with others and share the outcomes with familiar and unfamiliar audiences	
	Describe, explain and reflect upon actions, events and processes relating to real and imaginary contexts and predict outcomes in relation to these	

** When due account is taken of individual abilities and varying circumstances.*

Table 6: Learning outcomes for Reading (L2 English)

Strand: Reading		
	Stage 1: <i>In partnership with the teacher, children should*</i>	Stage 2: <i>Children should be able to*</i>
Developing communicative relationships	Listen to, look at, read, talk about and enjoy a variety of <u>text</u> with others	
	Recognise that meaning is conveyed through interpretation of written words and illustrations	
	Choose and talk about texts for pleasure and interest	Choose, read and talk about <u>text</u> for pleasure, interest and specific purposes
		Read instructional and <u>independent level texts</u> of increasing complexity with <u>fluency</u> and understanding
Understanding the content and structure of language	Identify basic <u>conventions of print</u> in digital and print-based <u>text</u>	Use <u>conventions of print</u> to help understand digital and print-based <u>text</u>
	Begin to demonstrate understanding of the phonological aspect of spoken words	Demonstrate <u>phonological awareness</u> by using phonemic and phonological skills with flexibility and confidence
	Recognise, name and sound a range of lower and upper case letters	Apply knowledge of letter sequences to help with word recognition
	Use their existing knowledge of <u>grapheme-phoneme correspondence</u> to assist them in decoding unfamiliar words	
	Begin to explore some <u>word identification strategies</u> and recognise some <u>high frequency words</u>	Use a range of <u>word identification strategies</u> with flexibility and confidence when reading <u>instructional and independent level</u> texts
	Explore words with similar meaning and words with the same sound but different meaning	Use knowledge of <u>synonyms</u> , <u>antonyms</u> and <u>homonyms</u> , <u>affixes</u> and <u>root words</u> to clarify the meaning of unknown words and phrases
	Use a range of <u>vocabulary strategies</u> to identify, talk about and use new vocabulary as it arises in play, <u>text</u> , instruction and conversation	
Exploring and using language	Develop awareness of a range of text <u>genres</u>	
	Experience and respond to a range of <u>genres</u> using appropriate language register, and express preferences and opinions	Experience and respond to a wider range of <u>genres</u> identifying the differences between them and express and justify preferences and opinions
	Use a range of <u>comprehension strategies</u> to engage with and	Draw on a repertoire of <u>comprehension strategies</u> flexibly and

	create meaning when working with a range of text collaboratively	interchangeably to engage with the text
		Monitor comprehension while reading and independently self-correct
	Develop awareness of and respond to the <u>aesthetic</u> , creative and imaginative aspects of text	
	Recall, discuss and sequence significant details and identify key points of information in <u>text</u>	

** When due account is taken of individual abilities and varying circumstances.*

Table 7: Learning outcomes for Writing (L2 English)

Strand: Writing		
	Stage 1: <i>In partnership with the teacher, children should*</i>	Stage 2: <i>Children should be able to*</i>
<i>Developing communicative relationships through</i>	Recognise that the purpose of drawing and/or writing is to communicate with the reader	
	Take part in and have fun with mark-making, drawing and emergent writing in play	Take part in and enjoy writing for different <u>audiences</u> , and choose a topic, <u>genre</u> and content
	Drawing on their prior knowledge, take part in collaborative writing with the teacher in the role of scribe	Drawing on their prior knowledge, take part in independent and collaborative writing
	Read, talk about and enjoy their mark-making, drawing and collaborative writing	Read, talk about and enjoy their own writing and identify ways to improve it
<i>Understanding the content and structure of language</i>	Name and write a range of lower and upper case letters and begin to use basic <u>conventions of print</u>	Write using cursive script and use <u>conventions of print</u> , punctuation, grammar and <u>syntax</u>
		Use a growing range of vocabulary from their personal experiences and engagement, different verb tenses and <u>connectives</u> in their writing
		Spell a wide range of <u>high frequency words</u> accurately and use <u>spelling strategies</u> for unfamiliar words
<i>Exploring and using language</i>		Use the <u>writing process</u> when creating texts collaboratively and/or independently
	Mark-make and draw for different <u>audiences</u> and purposes, and choose texts to share with others	Draw and write with a sense of purpose and <u>audience</u> while creating texts in a range of genres, and choose texts to share with others
	Share their experiences and personal narratives in their marks, drawings and emergent writing	Share their feelings, thoughts, experiences, opinions and preferences with confidence to develop an individual <u>voice</u> in their writing
		Explore the <u>aesthetic</u> , creative and imaginative dimensions of language to create text in a range of genres

* When due account is taken of individual abilities and varying circumstances.



Comhairliúchán: Abair leat

Torthaí

18 Torthaí Foghlama – Eolas faoi

Cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanann faoi na Torthaí Foghlama?

- Tá an líon torthaí oiriúnach.
- Tá an teanga ina gcuirtear na torthaí inrochtana.
- Is forbairt mhaith í meonta agus scileanna a bheith curtha san áireamh (i gcuideachta na gcoincheap).
- Is cabhair mhór í an 'Míniúchán ar choincheapa, scileanna agus meonta' i Roinn 6.

Tabhair aon tuairim eile más mian leat.

19 Torthaí Foghlama – Oiriúnacht

Cá mhéad a shíleann tú atá na torthaí foghlama oiriúnach do pháistí i gCeim 1 agus i gCéim 2? Tabhair do thuairim.

- Céim 1 (JI, SI) an chéad teanga
- Céim 1 (JI, SI) an dara teanga
- Céim 2 (1st, 2nd) don chéad teanga
- Céim 2 (JI, SI) don dara teanga

Tabhair aon tuairim eile más mian leat.

20 Foghlaim Teanga trí Shúgradh

Cá mhéad a aontaíonn tú gur féidir le súgradh mar mhodheolaíocht (faoi mar a mhínítear é in Aistear) gur féidir leis cur le foghlaim agus forbairt teanga páistí de réir na dtorthaí do pháistí ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang 2?

21 Aistear

Tá cur amach agam ar Aistear (Tá/Níl).

22 Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile: Aiseolas

An bhfuil aon mholadh agat ar bhealaí a dtiocfadh an curaclam teangacha a fheabhsú?

Luaigh suas le trí cinn, agus cuir an ceann is tábhachtaí ar dtús.

22 Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile: Tacaíocht

An bhfuil aon mholadh agat ar an gcaoi a bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun dul i ngleic le Curaclam Teangacha na Bunscoile? Luaigh suas le trí cinn, agus cuir an ceann is tábhachtaí ar dtús.

6. Míniúchán ar Choincheapa, Meonta (Méin) agus Scileanna

Abairtí casta Complex sentences	Bíonn príomhchlásal agus fochlásal nó dhó in abairt chasta. Bíonn íochtarán in abairt chasta i gcónaí, mar shampla <i>mar, toisc, de bhrí, tar éis, cé</i>, nó <i>nuair</i> nó forainm coibhneasta ar nós <i>a</i>, m.sh. <i>Tá na daltaí ag staidéar toisc go mbeidh scrúdú acu amárach.</i>
Abairtí comhshuite Compound sentences	Bíonn dhá chlásal neamhspleácha in abairt chomhshuite, agus iad nasctha ag comhordaitheoir. Seo a leanas na comhordaitheoirí: <i>toisc, agus, ach, nó, fós, mar sin</i>. Ach amháin i gcás abairtí gearra, cuirtear camóg roimh an gcomhordaitheoir, m.sh. Bhí Peadar ag imirt peile, mar sin chuaigh Máire ag siopadóireacht.
Aeistéitiúil Aesthetic	Is éard atá i gceist le diminsean aeistéitiúil teanga, teanga a ionramháil go samhlaíoch, go cruthaitheach agus go healaíonta chun téacs a bhfuil dul na filíochta air a chruthú.
Brabhsáil Browse	Is éard atá i gceist le brabhsáil sa chomhthéacs seo ábhar léitheoireachta ó réimse foinsí clóite agus ar líne a chur faoi chaibidil d'fhonn ábhar léitheoireachta atá oiriúnach dá gcuispóir léitheoireachta a roghnú.
Braisint Ghutha Sense of voice	Forbairt ar ghuth agus féinléiriú an linbh féin (gníomhú)
Ceisteanna dúnta Closed questions	Ceisteanna d'ord íseal is ea ceisteanna dúnta. Bíonn fócas cúng acu agus tugtar freagraí gearra, fíriciúla orthu, m.sh. <i>cé, cad, cá háit</i> agus <i>cathain</i>. Úsáidtear iad chun eolas a fháil.

Ceisteanna oscailte Open questions	Ceisteanna d'ord níos airde is ea ceisteanna oscailte a éilíonn ar an bhfreagróir smaoineamh fúthu agus machnamh a dhéanamh orthu. Ní féidir freagra 'is ea' nó 'ní hea' a thabhairt ar na ceisteanna seo, is é a theastaíonn freagra níos forbartha a chuireann eolas agus/nó braisintí an fhreagróra san áireamh.
Comhainmneacha Homonyms	Focail a fhoghraítear mar a chéile ach nach ionann a mbrí agus nach litrítear mar an gcéanna, m.sh. 'cóir' agus 'comhair', 'suí' agus 'saoi'
Comhaird/ comhdhíriú Joint attention	Is éard atá i gceist leis an gcomhaird/comhdhíriú cás ina ndíríonn beirt daoine, atá ag déanamh cumarsáide lena chéile, isteach ar an rud céanna. Tá níos mó i gceist leis ná breathnú ar an rud, tuigeann an bheirt go bhfuil siad ag díriú isteach ar an rud céanna.
Comhchiallaigh Synonyms	Comhchiallach is ea focal a bhfuil an chiall chéanna aige le focal eile, nó an chiall chéanna beagnach m.sh. áthasach, sona, sásta
Comhfhreagairtí idir graiféimí agus fóinéimí Grapheme-phoneme correspondences	Is é atá i gceist le comhfhreagairtí idir ghraiféimí agus fóinéimí an gaol atá idir foghair agus na siombailí scríofa a sheasann do na foghair sin. Áirítear i measc samplaí de chomhfhreagairtí idir ghraiféimí agus fóinéimí: ▪ Gach litir, idir chás íochtair agus chas uachtair a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú. ▪ A aithint gur féidir le litreacha feidhmiú ina n-aonair nó mar ghrúpa ▪ A aithint gur féidir an fhuaim chéanna a chur in iúl le litreacha difriúla ▪ Fuaimeanna cosúla a aithint a chuirtear in iúl trí theaghlaim dhifriúla litreacha ▪ Teaghlaim dhifriúla litreacha agus na fuaimeanna difriúla a seasann siad dóibh a aithint

	▪ Gaoil fuaim-siombaile níos éagoitinne a aithint
Comhréir Syntax	Ciallaíonn comhréir na rialacha faoina réir a gcuirtear focail in ord, a leagtar amach abairtí agus a shocraítear an gaol idir fhocail. Is í an chomhréir a thugtar ar an tuiscint ar cé na leaganacha d'fhocail agus de fhrásaí atá inghlactha nó atá ceart de réir na gramadaí, agus cé na leaganacha nach bhfuil. Comhréir a thugtar ar na rialacha a chinneann foirm nó struchtúr abairte. Rialacha iad seo a chinneann ord na bhfocal, na bhfrásaí agus na gclásal; eagar na habairte, agus an gaol idir fhocail, aicmithe focal, agus eilimintí eile den abairt.
Deighilt Segment	Focal a roinnt ina fhóinéimí aonair chun é a litriú, m.sh. trí fhóinéim atá ag an bhfocal 'cat': /c/, /a/, /t/.
Eagraí grafach Graphic organiser	Is léirithe físeacha ar eolas, coincheapa nó smaointe iad na heagraithe grafacha.
Feasacht Fóinéimeach Phonemic awareness	An léargas gur féidir smaoineamh ar gach focal labhartha mar shraith fóinéimí. Ós rud é gurb iad fóinéimí na haonaid foghair a chuirtear in iúl le litreacha na haibítire, cuid thábhachtach de loighic na haibítire a thuiscint is ea an fheasacht gur sraith fóinéimí is ea gach focal. As sin tuigtear gur féidir fónaic agus litriú a fhoghlaim.
Feasacht Fóineolaíochta Phonological awareness	Coincheap ginearálta, a bhaineann le <u>foghair</u> na teanga labhartha is ea an fheasacht fhóineolaíoch. Áirítear air sin tuiscint ar fhocail, rím, siollaí agus comhfhuaime rím, túsfhoghar agus foghar deiridh agus fóinéimí.

Feidhmeanna sóisialta Social functions	Is éard atá i gceist le feidhmeanna sóisialta na teanga na feidhmeanna ina n-úsáidtear an teanga ar mhaithe le hidirghníomhú sóisialta, laethúil amhail beannú, buíochas a chur in iúl, comhbhrón agus imní a chur in iúl, aiféala a chur in iúl agus fáilte a chur roimh chuairteoirí go muiníneach.
Focail ardmhinicíochta High frequency words	Focail a fheictear go minic i dtéacsanna, m.sh. agus, an, na, tá, siad, le, is, sa, is maith, chun, agus mar sin de.
Foghar / Fuaim Sound	Baineann an téarma 'foghar' nó 'fuaim' leis an bhfuaim a dhéanaimid nuair a deirimid litir nó focal, agus ní leis an bhfocal clóite. Féadfaidh breis is foghar amháin a bheith ag litir, mar a fheictear má smaoinimid ar an litir 'a' sna focail 'an', 'ar', 'ag', 'as'. Is féidir foghar amháin a chur in iúl le breis is litir amháin, mar is amhlaidh i gcás an fhoghair /éa/ sna focail 'aon' agus 'éan'. Dhá fhoghar atá san fhocal 'bhí' /bh/, /í/ ach trí litir atá ann, 'b', 'h', 'í'. Ba cheart do mhúinteoirí na focail 'foghar' agus 'litir' a úsáid go cruinn ionas gur féidir le daltaí idirdhealú idir an dá fhocal.
Fóinéim Phoneme	An t-aonad foghair is lú i bhfocal. Tá dhá fhóinéim san fhocal 'is' /i/ agus /s/. Trí fhóinéim atá san fhocal 'cat' /c/, /a/ agus /t/.
Foirm Form	Is éard atá i gceist le foirmeacha formáidí foilsithe de sheánra áirithe m.sh. dán, gearrscéal, dráma, úrscéal, meamram, ríomhphost, scannán, srl.
Fréamhfocail Root words	Focal gan aon táthmhír ná aon infhilleadh gramadaí is ea an fréamhfocal m.sh. bus, déan, brón, tóg, fear. Féadtar

	go leor focal eile a chruthú ach focail fréimhe nó bunfhocail a úsáid: ▪ Focail infhillte: Fréamh + infhilleadh gramadaí m.sh. busanna, déanamh. ▪ Focail dhíorthaithe: Fréamh + táthmhír m.sh. brónach, tógálaí ▪ Comhfhocail m.sh. saorfhear
Frithchiallaigh Antonyms	Frithchiallach is ea focal atá contrártha le focal eile, m.sh. <i>maith</i> agus <i>olc</i>.
Gnásanna priontála Conventions of print	Nósanna priontála a nglactar leo go forleathan. Ina measc áirítear: ▪ go mbíonn teachtaireacht á hiompar ag an bhfocal clóite ▪ go léitear ó chlé go deas ▪ go léitear ó bharr an leathanaigh go dtí a bhun ▪ scuab fillte ▪ spásáil, ceannlitriú, gramadach agus poncaíocht chuí I measc na ngnásanna digiteacha áirítear: ▪ scrollú ▪ svaidhpeáil chlé go deas ▪ go léitear ó bharr an scáileáin go dtí a bhun
Homograf Homograph	Is é atá i homograif focail a bhfuil an litriú céanna acu ach a bhfuil níos mó ná ciall amháin leo agus/nó fuaimniú difriúil m.sh. fonn, céad, cion

Leibhéal léitheoireachta neamhspleách Independent level text	Téarma is ea é don chineál téacs a d'fhéadfadh páiste a léamh go líofa agus ciall a bhaint as gan aon chabhair ón múinteoir. Ba cheart go mbeadh páiste in ann idir 95-100% de na focail a aithint, agus idir 90-100% den téacs a thuiscint.
Leibhéal teagaisc Instructional level text	Seo téarma ar théacs atá dúshlánach cuí, ach nach bhfuil thar chumas an pháiste. Ba cheart go mbeadh páiste in ann idir 90-95% de na focail a aithint, agus idir 75-90% den téacs a thuiscint le gnáth-threoracha agus tacaíocht ranga.
Leideanna comhréire Syntactical cues	Is éard atá i gceist le leideanna comhréire noda maidir le brí focal a fhéadtar a bhaint de thátal as ord focal, as struchtúr abairtí agus as gaolta idir focail.
Líofacht Léitheoireachta ó Bhéal Oral Reading Fluency	Is é atá i gceist le líofacht léitheoireachta an cumas a bhíonn ag léitheoirí léamh ó bhéal le luas, cruinneas agus gnéithe oiriúnacha prósóide amhail mothúchán, béim, tuinairde agus cur i bhfocail oiriúnach.
Litriú Cumtha	Is téarma é litriú cumtha nó garlitriú a úsáidtear nuair a úsáideann páiste a gcumasc féin litreacha chun focail a dhéanamh agus iad ag ceapadh téacsanna
Lucht... Audience	Is é an lucht éisteachta nó an lucht léitheoireachta an pobal léitheoirí, éisteacha, amharcóirí a bhfuil an scríbhneoir, an dearthóir, an cainteoir ag díriú orthu.

Moirféim Morpheme	An t-aonad céille nó gramadaí is lú i dteanga ar bith. Ní gá gur focal é gach moirféim. Moirféim amháin atá san fhocal 'mála', mar shampla, ach dhá mhoirféim atá san fhocal 'málaí': 'mála' is ea moirféim amháin agus moirféim eile a chuireann an uimhir iolra in iúl is ea 'í'. Sa tslí chéanna, tá moirféim amháin san fhocal 'sona' ach dhá mhoirféim atá san fhocal 'míshona': 'sona' is ea moirféim amháin agus 'mí' is ea an ceann eile, a chuireann an chontrárthacht in iúl. Ach eolas ar mhoirféimí a bheith ag daltaí bíonn slí acu le focail a léamh agus a litriú a oibriú amach.
Nascaigh Connectives	Nascaigh is ea focail a nascann ailt agus abairtí le chéile go loighciúil, bunaithe ar ghaol ama, cúis agus éifeacht, comparáid nó rud a chur leis. Nascann nascaigh smaointe le chéile agus taispeánann siad loighic an eolais. Acmhainní tábhachtacha is ea nascaigh chun téacsanna a chomhtháthú. Is féidir gaolta loighciúla a ghrúpáil mar seo a leanas: ▪ am – chun am a léiriú nó smaointe a sheicheamhú (m.sh. 'an chéad', 'an dara', 'an chéad cheann eile') ▪ cúis – chun cúis agus éifeacht a thaispeáint (m.sh. 'toisc', 'le haghaidh', 'mar sin') ▪ eolas a chur leis – (m.sh. 'chomh maith leis sin', 'freisin', rud eile de', 'ina theannta sin') ▪ comparáideach – (m.sh. 'de rogha air sin', 'mar mhalairt air sin') ▪ coinníollach / faomhach – chun coinníoll a leagan síos nó rud a ghéilleadh (m.sh. 'mar sin féin', 'cé') ag soiléiriú – m.sh. 'déanta na fírinne', 'mar shampla'
Prionsabail Aibítre Alphabetic Principle	Litreacha agus slabhraí (cnuasaigh) litreacha, trína n-aithnítear an gaol idir an fhuaim agus an teanga.

Próiseas Scríbhneoireachta Writing Process	Sa phróiseas scríbhneoireachta teagascann an múinteoir go soiléir conas bheith ag obair agus ag foghlaim go gníomhach mar scríbhneoirí. I measc na gcéimeanna sa phróiseas scríbhneoireachta áirítear: ▪ Pleanáil le haghaidh scríbhneoireachta trí thopaicí agus smaointe a roghnú leis an méid is lú cúnaimh ▪ Téacs a chumadh ag úsáid struchtúr eagraíochtúil cuí téacs ▪ Téacs a scríobhadh a athléamh chun seiceáil go bhfuil ciall leis agus go gcomhlíonann sé a chuspóir ▪ An téacs a chur in eagar agus a leasú trí athscríobh chun sonraí a chur leis nó a bhaint uaidh d'fhonn an chiall atá leis a shoiléiriú ▪ Obair a chur in eagar níos mó arís mar fhreagairt ar aiseolas ó dhaoine eile
Seánra Genre	Cineál struchtúir d'abairtí ó bhéal nó d'abairtí scríofa a úsáidtear do chuspóirí ar leith agus a bhfuil leagan amach áirithe orthu, mar aon le gnéithe teanga a bhaineann le sainréim teanga ar leith, m.sh. insint, faisnéiseach, argóint, fileata agus ilseánra.
Seimeantaice Semantics	An chiall a chuirtear in iúl trí fhocail a chur le chéile: 'is cosúil gurb é an tuiscint ar fhocail ina n-aonar agus i leith focail eile, an nascacht is tábhachtaí agus an léitheoireacht á foghlaim'. (Snowling, 2005). An ghné sin den ghramadach a phléann le rialacha i dtaca le ciall focal nó ciall aonaid ghramadaí.
Slabhra (Cnuasach) Cluster	Dhá (nó trí) litir a dhéanann dhá (nó trí) fhuaim, mar shampla tá na chéad trí litir in '<i>strus</i>' ina slabhra consan

Stóir phearsanta focal Personal word banks	Is éard atá i gceist le stóir phearsanta focal bailiúcháin de na focail a úsáideann scríbhneoir nó a theastaíonn uaidh atá bainteach lena c(h)uid suimeanna pearsanta agus/nó a dhéanann sé/sí a litriú go mícheart go rialta. Cuimsíonn an stór pearsanta focal focail nach mbíonn ar taispeáint sa seomra ranga agus nach mbíonn sé éasca teacht orthu.
Straitéisí aitheanta focal Word identification strategies	Cuireann straitéisí aitheanta focal ar chumas leanaí focail anaithnide a léamh agus dul i dtaithí ar fhocail dá leithéid a léamh gan stró de réir a chéile. I measc na straitéisí seo, tá: ▪ Gnéithe amhairc nó grafacha focail a úsáid ▪ Comhfhreagairtí graiféime d'fhóinéim a úsáid ▪ Eolas ar sheichimh litreacha, ar phatrúin litrithe agus ar an mbaint idir focail
Straitéisí tuisceana Comprehension strategies	Próiseas a úsáideann léitheoirí chun ciall a bhaint as téacs. Ar na príomhstraitéisí tuisceana áirítear: ▪ Eolas roimh ré a thabhairt chun cuimhne agus a úsáid ▪ Rudaí a thuar ▪ Rudaí a shamhlú ▪ Ceangal a dhéanamh Ceisteanna a chur ▪ Soiléiriú a dhéanamh ▪ Tosaíocht a thabhairt do rudaí áirithe thar rudaí eile ▪ Tátaí a bhaint as rud ▪ Míreanna eolais a chur le chéile chun mír eile a dhéanamh

Struchtúr eagraíochtúil téacs Text structure	Struchtúr an téacs a thugtar ar an tslí ina n-eagraítear eolas i gcineálacha éagsúla téacs, mar shampla teidil caibidlí, fotheidil, clár na n-ábhar, innéacsanna agus gluaiseanna, foramhairc, ailt tosaigh agus ailt deiridh, seicheamhú, abairtí topaice, tacsanomaíochtaí, cúis agus éifeacht. Is iad na roghanna a dhéantar i dtaca le struchtúr téacs agus gnéithe teanga a chinneann cineál an téacs agus an bhrí atá leis.
Táthmhíreanna Affixes	<u>Moirféimí</u> is ea táthmhíreanna a cheanglaítear de fhréamhfhocail chun focal nua a dhéanamh m.sh. <i>tóg+álaí</i>, <i>mí+shona</i> nó chun foirm eile d'fhocal a dhéanamh m.sh. <i>múinteoir+í</i>, <i>rith+fidh</i>
Teanga dioscúrsa Language of discourse	I ndioscúrsa teastaíonn méid áirithe ráite ón bpáiste chun struchtúir theangeolaíocha a chruthú, struchtúir ar nós insintí, cuntais fhíriciúla, argóintí, mínithe nó dhá cheann nó níos mó díobh sin in éineacht. Chuige sin caithfidh an páiste dul níos faide ná an abairt bhunúsach agus abairtí a chur le chéile chun cuntas a thabhairt, cuntas a bheidh sothuigthe ó thaobh eagar na céille agus comhtháite ó thaobh an leanúnachais idir abairtí. Chun dul i mbun dioscúrsa, teastaíonn foclóir a bhaineann le réimse ar leith agus atá inniúil ar an ábhar mar aon leis an eolas gramadaí is gá chun abairtí a chumadh mar gheall ar an ábhar i dtrácht. Teastaíonn, leis, an cumas chun abairtí a fhí le chéile ar shlí chomhtháite chun cuntas de bhreis ar an ngnáthchomhrá laethúil a chumadh, cuntas a chloíonn le rialacha an dioscúrsa fhoirmiúil sa mhéid is gur mó focal teibí a úsáidtear agus go gcuirtear dúshlán níos mó ar chumas cognaíoch agus séimeantach an pháiste.

Teanga gan chomhthéacs Decontextualised language	Tugtar sainmhíniú ar an teanga gan comhthéacs mar theanga atá saor ó chomhthéacs. Níl sí bunaithe in aon chomhthéacs láithreach ama ná cúinse, agus níl sí spleách ar aon bhreathnú nó ar aon eispéireas fisiceach, láithreach. Tá úsáid na teanga gan chomhthéacs ríthábhachtach d'fhoghlaim leanaí ar leibhéal éagsúla. Baintear úsáid aisti chun faisnéis nua a chruthú agus a chur in iúl do dhaoine eile nach bhfuil an fhaisnéis chúlra chéanna acu leis an gcainteoir. Éilíonn sí ar leanaí athrú ón teanga a úsáid chun labhairt faoi imeachtaí láithreacha go dtí an teanga a úsáid chun eispéiris a bhraith siad cheana a athchruthú nó chun cúinsí hipitéiseacha nó samhailteacha a chruthú. Is é an cineál teanga a bhíonn ag teastáil chun machnamh a dhéanamh ar eispéiris, gníomhartha a mhíniú agus machnamh a dhéanamh ar roghanna éagsúla. Is minic a úsáidtear an cineál teanga seo i míniúcháin, in insintí agus i gcuntais léiritheacha, agus is úsáid teanga í a bhíonn ag teastáil chun tacú leis an eolas oideachais.
Téarmaíocht na Leabhar Book Terminology	Údar, blurba, maisitheoir, leathanach an chláir, gluais, foilsitheoir srl.
Téacsanna Text	Is féidir téacs a thabhairt ar rud ar bith a chuirtear ar fáil trí mheán teanga—ó bhéal, scríofa, físeach, nó ilmhódúlach. Is éard is téacs ilmhódúlach ann téacs ina bhfuil teanga mar aon le córais chumarsáide eile, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaime agus an teanga labhartha.
Téacsanna inste Narrative texts	Cineál dioscúrsa ó bhéal nó i scríbhinn is ea téacsanna insinte a bhfuil sé mar aidhm acu scéal a insint nó imeacht nó sraith imeachtaí a reic. Féadtar téacsanna insinte a rangú mar fhicsean nó mar neamhfhicsean.
Téacsanna léiritheacha	Cineál dioscúrsa ó bhéal nó i scríbhinn is ea na téacsanna

Expository texts	léiritheacha a bhfuil sé mar aidhm acu rud éigin a mhíniú, eolas a thabhairt faoi rud éigin nó cur síos a dhéanamh ar rud éigin.
Scileanna Breise Teanga Extra Linguistic skills	Áirítear i measc na scileanna breise teanga: ▪ Teagmháil oiriúnach súl a dhéanamh ▪ Comharthaíocht choirp ▪ Geáitsí agus gothaí gnúise agus comharthaoíocht a úsáid mar is cuí
Scileanna Paraitheangacha Paralinguistic skills	I measc na scileanna paraitheangacha, áirítear: ▪ inchloisteacht ▪ tuiníocht ▪ tuinairde ▪ sos ▪ béim ▪ luas
Straitéisí litrithe Spelling strategies	Straitéisí foghraíochta agus coinbhinsiúla a úsáid le haghaidh focail éagoiteanna trí fheidhm a bhaint as eolas ar chomhfhreagairtí idir ghraiféimí agus fóinéimí, siollú, amharc-chuimhne agus slabhraí coiteanna litrithe agus patrúin le linn téacsanna a chruthú
Straitéisí Foclóra Vocabulary Strategies	Cabhraíonn straitéisí foclóra chun brí focail agus frásaí neamhaithnide a oibriú amach nó a shoiléiriú, ina measc: ▪ Leideanna comhthéacs a úsáid ▪ Eolas ar fhréamhfocail agus táthmhíreanna a úsáid ▪ Eolas ar fhrithchiallaigh, comhchiallaigh, comhainmneacha, agus homograif a úsáid chun brí focal a oibriú amach ▪ Breathnú ar fhoclóirí agus ar fhoinsí tagartha eile mar is cuí